

Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dlíteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

**► B RIALACHÁN (CE) Uimh. 1223/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 30 Samhain 2009**

**maidir le táirgí cosmaideacha**

**(athmhúnlú)**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

(IO L 342, 22.12.2009, lch. 59)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
► <u>M1</u>	Commission Regulation (EU) No 344/2013 of 4 April 2013 (*)	L 114	1	25.4.2013
► <u>M2</u>	Commission Regulation (EU) No 483/2013 of 24 May 2013 (*)	L 139	8	25.5.2013
► <u>M3</u>	Commission Regulation (EU) No 658/2013 of 10 July 2013 (*)	L 190	38	11.7.2013
► <u>M4</u>	Commission Regulation (EU) No 1197/2013 of 25 November 2013 (*)	L 315	34	26.11.2013
► <u>M5</u>	Commission Regulation (EU) No 358/2014 of 9 April 2014 (*)	L 107	5	10.4.2014
► <u>M6</u>	Commission Regulation (EU) No 866/2014 of 8 August 2014 (*)	L 238	3	9.8.2014
► <u>M7</u>	Commission Regulation (EU) No 1003/2014 of 18 September 2014 (*)	L 282	1	26.9.2014
► <u>M8</u>	Commission Regulation (EU) No 1004/2014 of 18 September 2014 (*)	L 282	5	26.9.2014
► <u>M9</u>	Commission Regulation (EU) 2015/1190 of 20 July 2015 (*)	L 193	115	21.7.2015
► <u>M10</u>	Commission Regulation (EU) 2015/1298 of 28 July 2015 (*)	L 199	22	29.7.2015
► <u>M11</u>	Commission Regulation (EU) 2016/314 of 4 March 2016 (*)	L 60	59	5.3.2016
► <u>M12</u>	Commission Regulation (EU) 2016/621 of 21 April 2016 (*)	L 106	4	22.4.2016
► <u>M13</u>	Commission Regulation (EU) 2016/622 of 21 April 2016 (*)	L 106	7	22.4.2016
► <u>M14</u>	Commission Regulation (EU) 2016/1120 of 11 July 2016 (*)	L 187	1	12.7.2016
► <u>M15</u>	Commission Regulation (EU) 2016/1121 of 11 July 2016 (*)	L 187	4	12.7.2016
► <u>M16</u>	Commission Regulation (EU) 2016/1143 of 13 July 2016 (*)	L 189	40	14.7.2016
► <u>M17</u>	Commission Regulation (EU) 2016/1198 of 22 July 2016 (*)	L 198	10	23.7.2016
► <u>M18</u>	Commission Regulation (EU) 2017/237 of 10 February 2017 (*)	L 36	12	11.2.2017
► <u>M19</u>	Commission Regulation (EU) 2017/238 of 10 February 2017 (*)	L 36	37	11.2.2017
► <u>M20</u>	Rialachán (AE) 2017/745 ó pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017	L 117	1	5.5.2017
► <u>M21</u>	Arna leasú le: Rialachán (AE) 2020/561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2020	L 130	18	24.4.2020

(\*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

► <b><u>M22</u></b>	Commission Regulation (EU) 2017/1224 of 6 July 2017 (*)	L 174	16	7.7.2017
► <b><u>M23</u></b>	Commission Regulation (EU) 2017/1410 of 2 August 2017 (*)	L 202	1	3.8.2017
► <b><u>M24</u></b>	Commission Regulation (EU) 2017/1413 of 3 August 2017 (*)	L 203	1	4.8.2017
► <b><u>M25</u></b>	Commission Regulation (EU) 2017/2228 of 4 December 2017 (*)	L 319	2	5.12.2017
► <b><u>M26</u></b>	Commission Regulation (EU) 2018/885 of 20 June 2018 (*)	L 158	1	21.6.2018
► <b><u>M27</u></b>	Commission Regulation (EU) 2018/978 of 9 July 2018 (*)	L 176	3	12.7.2018
► <b><u>M28</u></b>	Commission Regulation (EU) 2018/1847 of 26 November 2018 (*)	L 300	1	27.11.2018
► <b><u>M29</u></b>	Commission Regulation (EU) 2019/680 of 30 April 2019 (*)	L 115	3	2.5.2019
► <b><u>M30</u></b>	Commission Regulation (EU) 2019/681 of 30 April 2019 (*)	L 115	5	2.5.2019
► <b><u>M31</u></b>	Commission Regulation (EU) 2019/698 of 30 April 2019 (*)	L 119	66	7.5.2019
► <b><u>M32</u></b>	Commission Regulation (EU) 2019/831 of 22 May 2019 (*)	L 137	29	23.5.2019
► <b><u>M33</u></b>	Commission Regulation (EU) 2019/1257 of 23 July 2019 (*)	L 196	5	24.7.2019
► <b><u>M34</u></b>	Commission Regulation (EU) 2019/1857 of 6 November 2019 (*)	L 286	3	7.11.2019
► <b><u>M35</u></b>	Commission Regulation (EU) 2019/1858 of 6 November 2019 (*)	L 286	7	7.11.2019
► <b><u>M36</u></b>	Commission Regulation (EU) 2019/1966 of 27 November 2019 (*)	L 307	15	28.11.2019
► <b><u>M37</u></b>	Commission Regulation (EU) 2020/1682 of 12 November 2020 (*)	L 379	31	13.11.2020
► <b><u>M38</u></b>	Commission Regulation (EU) 2020/1683 of 12 November 2020 (*)	L 379	34	13.11.2020
► <b><u>M39</u></b>	Commission Regulation (EU) 2020/1684 of 12 November 2020 (*)	L 379	42	13.11.2020
► <b><u>M40</u></b>	Rialachán (AE) 2021/850 ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2021	L 188	44	28.5.2021
► <b><u>M41</u></b>	Rialachán (AE) 2021/1099 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2021	L 238	29	6.7.2021
► <b><u>M42</u></b>	Rialachán (AE) 2021/1902 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2021	L 387	120	3.11.2021
► <b><u>M43</u></b>	Rialachán (AE) 2022/135 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2022	L 22	2	1.2.2022
► <b><u>M44</u></b>	Rialachán (AE) 2022/1176 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2022	L 183	51	8.7.2022
► <b><u>M45</u></b>	Rialachán (AE) 2022/1181 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2022	L 184	3	11.7.2022
► <b><u>M46</u></b>	Rialachán (AE) 2022/1531 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2022	L 240	3	16.9.2022
► <b><u>M47</u></b>	Rialachán (AE) 2022/2195 ón gCoimisiún an 10 Samhain 2022	L 292	32	11.11.2022
► <b><u>M48</u></b>	Rialachán (AE) 2023/1490 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2023	L 183	7	20.7.2023
► <b><u>M49</u></b>	Rialachán (AE) 2023/1545 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2023	L 188	1	27.7.2023

Arna cheartú le:

- **C1** Ceartúchán, IO L 142, 29.5.2013, lch. 10 (344/2013)
- **C2** Ceartúchán, IO L 254, 28.8.2014, lch. 39 (866/2014)
- **C3** Ceartúchán, IO L 17, 21.1.2017, lch. 52 (2016/314)
- **C4** Ceartúchán, IO L 326, 9.12.2017, lch. 55 (2017/2228)
- **C5** Corrigendum, OJ L 183, 19.7.2018, p. 27 (2018/978) (\*)
- **C6** Corrigendum, OJ L 324, 13.12.2019, p. 80 (2019/1966) (\*)
- **C7** Corrigendum, OJ L 76, 12.3.2020, p. 36 (2019/1966) (\*)
- **C8** Corrigendum, OJ L 397, 26.11.2020, p. 30 (2020/1683) (\*)
- **C9** Ceartúchán, IO L 214, 17.6.2021, lch. 68 (2021/850)
- **C10** Ceartúchán, IO L 318, 9.9.2021, lch. 1 (2021/1099)
- **C11** Ceartúchán, IO L 365, 14.10.2021, lch. 46 (2021/1099)
- **C12** Ceartúchán, IO L 115, 13.4.2022, lch. 230 (2022/135)

(\*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.



**RIALACHÁN (CE) Uimh. 1223/2009 Ó PHARLAIMINT NA  
hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 30 Samhain 2009**

**maidir le táirgí cosmaideacha**

**(athmhúnlú)**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

CAIBIDIL I

**RAON FEIDHME, SAINMHÍNITHE**

*Airteagal 1*

**Raon feidhme agus cuspóir**

Leis an Rialachán seo, bunaítear rialacha atá le comhlíonadh maidir le gach aon táirge cosmaideach a chuirtear ar fáil ar an margadh, chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus leibhéal ard cosanta do shláinte an duine a áirithiú.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
  - (a) ciallaíonn ‘táirge cosmaideach’ aon substaint nó aon mheascán atá beartaithe lena chur i dteagmháil le codanna seachtracha de chorp an duine (eipideirm, córas gruaise, ingne, liopaí agus baill sheachtracha giniúna) nó leis na fiacla agus le seicní múcasacha an bhéal-chuais, agus é mar aidhm leis sin, go heisiach nó go formhór, iad a ghlanadh, iad a chumhrú, a gcuma a athrú, iad a choimeád faoi dhea-bhail nó bolaithe coirp a cheartú;
  - (b) ciallaíonn ‘substaint’ dúil cheimiceach agus a comhdhúile atá ina staid nádúrtha nó a fhaightear mar thoradh ar aon phróiseas monaraíochta, lena n-áirítear aon bhreiseán is gá chun a cobhsaíocht a chaomhnú nó aon eisíontas a dhíorthaíonn ón bpróiseas a úsáidtear, ach gan aon tuaslagóir a áireamh a fhéadfar a scaradh amach gan difear a dhéanamh do chobhsaíocht na substainte nó gan athrú a dhéanamh ar a comhdhéanamh;
  - (c) ciallaíonn ‘meascán’ meascán nó tuaslagán atá comhdhéanta de dhá shubstaint nó níos mó;
  - (d) ciallaíonn ‘monaróir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge cosmaideach nó a chuireann táirge cosmaideach á dhearadh nó á mhonarú, agus a mhargaíonn an táirge cosmaideach sin faoina ainm nó faoina thrádmharc;
  - (e) ciallaíonn ‘dáileoir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir nó an t-allmhaireoir, a chuireann táirge cosmaideach ar fáil ar mhargadh an Chomhphobail;
  - (f) ciallaíonn ‘úsáideoir deiridh’ tomhaltóir nó gairmí a úsáideann an táirge cosmaideach;

**▼B**

- (g) ciallaíonn ‘cur ar fáil ar an margadh’ aon soláthar táirge chosmaidigh lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar mhargadh an Chomhphobail le linn gníomhaíochta tráchtála, ar íocaíocht nó saor in aisce;
- (h) ciallaíonn ‘cur ar an margadh’ táirge cosmaideach a chur ar fáil ar mhargadh an Chomhphobail den chéad uair;
- (i) ciallaíonn ‘allmhaircoir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe sa Chomhphobal agus a chuireann táirge cosmaideach ó thríú tír ar mhargadh an Chomhphobail;
- (j) ciallaíonn ‘caighdeán comhchuibhithe’ caighdeán arna ghlacadh ag ceann de na comhlachtaí caighdeánaithe Eorpacha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse na gcaighdeán agus na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le seirbhísí na sochaí faisnéise<sup>(1)</sup> ar bhonn iarrata arna déanamh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 6 den Treoir sin;
- (k) ciallaíonn ‘nanábhar’ ábhar atá dothuaslagtha nó bith-dhianseasmhach agus a mhonaraítear d'aon ghnó, ar ábhar é ag a bhfuil toise seachtrach amháin nó níos mó, nó struchtúr inmheánach, ar scála ó 1nm go 100 nm;
- (l) ciallaíonn ‘leasaithe’ substaintí atá beartaithe go heisiach nó go formhór chun bac a chur ar fhorbairt microrgánach sa táirge cosmaideach;
- (m) ciallaíonn ‘datháin’ substaintí atá beartaithe go heisiach nó go formhór chun an táirge cosmaideach, an corp ina iomláine nó codanna áirithe den chorp a dhathú trí sholas infheicthe a ionsú nó a fhrithchaitheamh; de bhreis air sin, measfar gur datháin iad réamhtheachtaithe na ndathán gruaise ocsaídiúcháin;
- (n) ciallaíonn ‘scagairí ultraivialaite’ substaintí atá beartaithe go heisiach nó go formhór chun an craiceann a chosaint ar radaíocht ultraivialait áirithe trí radaíocht ultraivialait a ionsú, a fhrithchaitheamh nó a scaipeadh;
- (o) ciallaíonn ‘iarmhairt neamh-inmhianaithe’ frithghníomh díobhálach do shláinte an duine atá inchurtha i leith gnáthúsáide nó úsáide measartha intuartha táirge chosmaidigh;
- (p) ciallaíonn ‘iarmhairt thromchúiseach neamh-inmhianaithe’ iarmhairt neamh-inmhianaithe as a leanann éagumas feidhme sealadach nó buan, míchumas, ospidéalú, éanormalachtaí ó bhroinn nó baol láithreach báis nó bás;
- (q) ciallaíonn ‘tarraingt siar’ aon bheart a bhfuil sé d'aidhm aige cosc a chur le táirge cosmaideach sa slabhra soláthair a chur ar fáil ar an margadh;
- (r) ciallaíonn ‘aisghlaoch’ aon bheart a bhfuil sé d'aidhm aige táirge cosmaideach a cuireadh ar fáil cheana féin don úsáideoir deiridh a fháil ar ais.

<sup>(1)</sup> IO L 204, 21.7.1998, lch. 37.

**▼B**

(s) ciallaíonn ‘creat-fhoirmiú’ foirmiú trína liostaítear catagóir nó feidhm comhábhar agus a dtiúchan uasta sa táirge cosmaideach nó trína dtugtar faisnéis ábhartha chainníochtúil agus cháilíochtúil aon uair nach gcumhdaítear táirge cosmaideach, nó nach gcumhdaítear ach go páirteach é, le foirmiú den sórt sin. Soláthróidh an Coimisiún tásca i ndáil le bunú an chreat-fhoirmithe agus oiriúnóidh sé iad go tráthrialta do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

2. Chun críocha phointe (a) de mhír 1, ní mheasfar gur táirge cosmaideach é substaint nó meascán a bheartaítear a ionghabháil, a ionanálú, a instealladh nó a ionchlannú i gcorp an duine.

3. I bhfianaise na sainmhínte éagsúla ar nanábhair atá foilsithe ag comhlachtaí éagsúla agus na bhforbairtí teicniúla agus eolaíocha a dhéantar go síoraí i réimse na nanaiteicneolaíochtaí, déanfaidh an Coimisiún pointe (k) de mhír 1 a choigeartú agus a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, agus do shainmhínte a chomhaontófar ar leibhéal idirnáisiúnta ina dhiaidh seo. Maidir leis an mbeart sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 32(3).

**▼M20**

4. Féadfaidh an Coimisiún, ar iarratas ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, na bearta is gá a ghlacadh chun a chinneadh an bhfuil táirge sonrath nó grúpa sonrath táirgí ag teacht faoin sainmhíniú ar “táirge cosmaideach” nó nach bhfuil. Déanfar na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialála dá dtagraítear in Airteagal 32(2).

**▼B**

## CAIBIDIL II

## SÁBHÁILTEACHT, FREAGRACHT, SAORGLUAISEACHT

*Airteagal 3***Sábháilteacht**

Beidh táirge cosmaideach a chuirtear ar fáil ar an margadh sábháilte do shláinte an duine nuair a bhaintear úsáid as faoi ghnáthdhálaí úsáide nó faoi dhálaí úsáide atá measartha intuartha, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar na nithe seo a leanas:

- (a) cur i láthair lena n-áirítear comhlíonadh Threoir 87/357/CEE;
- (b) lipéadú;
- (c) treoracha úsáide agus diúscartha;
- (d) aon tasc eile nó aon fhaisnéis eile arna sholáthar nó arna soláthar ag an duine freagrach a shainmhíntear in Airteagal 4.

Ní hionann rabhaidh a thabhairt agus a rá go mbeidh daoine a shainmhíntear in Airteagal 2 agus in Airteagal 4 díolmhaithe ó chomhlíonadh na gceanglas eile atá leagtha síos sa Rialachán seo.

*Airteagal 4***Duine freagrach**

1. Ní chuirfeadh ar an margadh ach táirgí cosmaideacha a bhfuil duine dlítheanach nó nádúrtha ainmnithe laistigh den Chomhphobal mar ‘duine freagrach’ ina leith.

2. Maidir le gach táirge cosmaideach a chuirtear ar an margadh, áiríteoidh an duine freagrach go gcomhlíontar na hoibleagáidí ábhartha atá leagtha amach sa Rialachán seo.

**▼B**

3. Maidir le táirge cosmaideach a mhonaraítear laistigh den Chomhphobal, agus nach ndéantar é a onnmhairiú agus a allmhairiú ar ais isteach sa Chomhphobal ina dhiaidh sin, is é an monaróir atá bunaithe laistigh den Chomhphobal an duine freagrach.

Féadfaidh an monaróir, trí shainordú i scríbhinn, duine atá bunaithe laistigh den Chomhphobal a ainmniú mar an duine freagrach agus glacfaidh an duine sin i scríbhinn leis an ainmniúchán.

4. Más rud é, i gcás táirge chosmaidigh a mhonaraítear laistigh den Chomhphobal, agus nach ndéantar é a onnmhairiú agus a allmhairiú ar ais isteach sa Chomhphobal ina dhiaidh sin, go bhfuil an monaróir bunaithe lasmuigh den Chomhphobal, ainmneoidh sé, trí shainordú i scríbhinn, duine atá bunaithe laistigh den Chomhphobal mar an duine freagrach agus glacfaidh an duine sin i scríbhinn leis an ainmniúchán.

5. I gcás gach táirge chosmaidigh a allmhairítear, is é gach allmhaireoir faoi leith an duine freagrach i leith an táirge chosmaidigh shonraigh a chuireann sé ar an margadh.

Féadfaidh an t-allmhaireoir, trí shainordú i scríbhinn, duine atá bunaithe laistigh den Chomhphobal a ainmniú mar an duine freagrach agus glacfaidh an duine sin i scríbhinn leis an ainmniúchán.

6. Is é an dáileoir an duine freagrach i gcás ina gcuireann sé táirge cosmaideach ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc nó i gcás ina ndéanann sé táirge a cuireadh ar an margadh cheana féin a mhodhnú i slí ina bhféadfaí difear a dhéanamh do na ceanglais is infheidhme.

Maidir le haistriú faisnéise a bhaineann le táirge cosmaideach a cuireadh ar an margadh cheana féin, ní mheasfar gurb ionann an t-aistriúchán agus modhnú ar an táirge sin de chineál a dhéanfaidh difear do chomhlíonadh na gceanglas infheidhme den Rialachán seo.

*Airteagal 5***Oibleagáidí an duine fhreagraigh**

1. Áiritheoidh daoine freagracha go ndéanfar Airteagail 3, 8, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16, 17, 18, Airteagal 19(1), (2) agus (5), chomh maith le hAirteagail 20, 21, 23 agus 24, a chomhlíonadh.

2. Déanfaidh daoine freagracha a mheasann, nó ag a bhfuil cúis chun a chreidiúint, nach gcomhlíonann táirge cosmaideach atá curtha ar an margadh acu an Rialachán seo, na bearta ceartaitheacha riachtanacha a ghlacadh láithreach chun a chur faoi deara go gcomhlíonann an táirge sin an Rialachán seo, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghlaoch, de réir mar is iomchuí.

Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil riosca do shláinte an duine i gceist leis an táirge cosmaideach, cuirfidh daoine freagracha an méid sin in iúl láithreach d'údarás inniúla náisiúnta na mBallstát inar chuir siad an táirge ar fáil agus d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an comhad faisnéise táirge sorochtana agus, go háirithe, tabharfaidh siad mionsonraí faoin neamhchomhlíonadh agus faoi na bearta ceartaitheacha a glacadh.

3. Comhoibreoidh daoine freagracha leis na húdarás sin, arna iarraidh sin ag na húdarás sin, i ndáil le haon ghníomh chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le táirgí cosmaideacha atá curtha ar fáil ar an margadh acu a dhíchur. Go háirithe, déanfaidh daoine freagracha, de thoradh iarrata réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun comhlíonadh a léiriú maidir le gnéithe sonracha den táirge a sholáthar don údarás sin i dteanga atá sothuigte dó.

**▼B***Airteagal 6***Oibleagáidí dáileoirí**

1. I gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí, agus táirge cosmaideach á chur ar fáil ar an margadh, gníomhóidh dáileoirí le cúram cuí i ndáil leis na ceanglais is infheidhme.

2. Sula gcuirfidh dáileoirí táirge cosmaideach ar fáil ar an margadh, fíoróidh siad na nithe seo a leanas:

— gurb ann don fhaisnéis lipéadaithe dá bhforáiltear in Airteagal 19 (1)(a), (e) agus (g) agus in Airteagal 19(3) agus (4),

— go bhfuil na ceanglais teanga dá bhforáiltear in Airteagal 19(5) arna gcomhlíonadh,

— maidir leis an dáta íosmharthanachta a shonraítear, i gcás é a bheith infheidhme faoi Airteagal 19(1), nach bhfuil an dáta sin caite.

3. I gcás ina measann dáileoirí nó go bhfuil cúis acu chun a chreidiúint:

— nach gcomhlíonann táirge cosmaideach na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ní chuirfidh siad an táirge ar fáil ar an margadh go dtí go gcuirtear faoi deara go gcomhlíonann sé na ceanglais infheidhme,

— nach gcomhlíonann táirge cosmaideach atá curtha ar fáil ar an margadh acu an Rialachán seo, áiritheoidh siad go ndéanfar na bearta ceartaitheacha riachtanacha a ghlacadh chun a chur faoi deara go gcomhlíonann an táirge sin an Rialachán seo, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghlaoch, de réir mar is iomchuí.

Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil riosca do shláinte an duine i gceist leis an táirge cosmaideach, cuirfidh na dáileoirí an méid sin in iúl láithreach don duine freagrach agus d'údarás inniúla náisiúnta na mBallstát inar chuir siad an táirge ar fáil agus, go háirithe, tabharfaidh siad mionsonraí faoin neamhchomhlíonadh agus faoi na bearta ceartaitheacha a ghlacadh.

4. Áiritheoidh dáileoirí, fad atá táirge faoina bhfreagracht, nach gcuirfidh dálaí stórála ná iompair an táirge comhlíonadh na gceanglas atá leagtha amach sa Rialachán seo i gcontúirt.

5. Comhoibreoidh dáileoirí leis na húdarás inniúla, arna iarraidh sin ag na húdarás sin, i ndáil le haon ghníomh chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le táirgí atá curtha ar fáil ar an margadh acu. Go háirithe, déanfaidh dáileoirí, de thoradh iarrata réasúnaithe ó údarás inniúil náisiúnta, an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad is gá chun comhlíonadh a léiriú maidir leis na ceanglais atá liostaithe faoi mhír 2 a sholáthar don údarás sin i dteanga atá sothuigthe dó.

*Airteagal 7***Sainithint laistigh den slabhra soláthair**

Tar éis iarraidh a fháil ó údarás inniúil:

— sainithneoidh daoine freagracha na dáileoirí dá soláthraíonn siad an táirge cosmaideach

**▼B**

— sainaitheoidh an dáileoir an dáileoir nó an duine freagrach ónar soláthraíodh an táirge cosmaideach agus na dáileoirí dár soláthraíodh an táirge cosmaideach.

Beidh feidhm ag an oibleagáid seo ar feadh tréimhse trí bliana tar éis an dáta a cuireadh an bhaisc den táirge cosmaideach ar fáil don dáileoir.

*Airteagal 8***Dea-chleachtas monaraíochta**

1. Comhlíonfaidh monarú táirgí cosmaideacha dea-chleachtas monaraíochta d'fhonn cuspóirí Airteagal 1 a áirithiú.

2. Glacfar leis go bhfuiltear ag comhlíonadh an dea-chleachtas monaraíochta i gcás ina bhfuil an monarú i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, a bhfuil a gcuid tagairtí foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 9***Saorghluaiseacht**

Maidir le táirgí cosmaideacha a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo a chur ar fáil ar an margadh, ní dhéanfaidh na Ballstáit an cur ar fáil sin a dhiúltú, a thoirmeasc nó a shrianadh ar chúiseanna a bhaineann leis na ceanglais atá leagtha síos sa Rialachán seo.

## CAIBIDIL III

**MEASÚNÚ SÁBHÁILTEACHTA, COMHAD FAISNÉISE TÁIRGE, FÓGRA***Airteagal 10***Measúnú sábháilteachta**

1. Chun a thaispeáint go gcomhlíonann táirge cosmaideach Airteagal 3, áiritheoidh an duine freagrach, sula gcuirtear táirge cosmaideach ar an margadh, go ndearnadh measúnú sábháilteachta ar an táirge cosmaideach ar bhonn na faisnéise ábhartha agus go ndéanfar tuarascáil ar shábháilteacht an táirge chosmaidigh a chur ar bun i gcomhréir le hlarscríbhinn I.

Áiritheoidh an duine freagrach na nithe seo a leanas:

- (a) go ndéantar úsáid bheartaithe an táirge chosmaidigh agus an méid a mheastar a bheifear faoi lé shistéimeach na gcomhábhar ar leithligh i bhfoirmiú deiridh a chur san áireamh sa mheasúnú sábháilteachta;
- (b) go n-úsáidtear cur chuige atá bunaithe ar thromachar na fianaise sa mheasúnú sábháilteachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí ó na foinsí ar fad atá ann;
- (c) go gcoimeádtar an tuarascáil ar shábháilteacht an táirge chosmaidigh cothrom le dáta i bhfianaise faisnéise ábhartha breise a chruthófar tar éis an táirge a chur ar an margadh.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír freisin maidir le táirgí cosmaideacha a mbeidh fógra tugtha ina leith faoi Threoir 76/768/CEE.



**▼B**

Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí go léir, treoirlínte cuí a ghlacadh chun a chumasú do ghnóthais, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, na ceanglais atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a chomhlíonadh. Glacfar na treoirlínte sin i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 32(2).

2. Is é an duine a dhéanfaidh an measúnú ar shábháilteacht an táirge chosmaidigh, mar atá leagtha amach i gCuid B d'Iarscríbhinn I, ná duine ag a bhfuil díoplóma nó fianaise eile ar cháilíochtaí foirmiúla arna mbronnadh tar éis cúrsa staidéir ollscoile, idir staidéar teoriciúil agus staidéar praiticiúil, i gcógaisíocht, i dtocsaineolaíocht, i leigheas nó i ndisciplín chomhchosúil, nó cúrsa atá aitheanta mar chúrsa coibhéiseach ag Ballstát, a chríochnú.

3. Maidir le staidéir shábháilteachta neamhchliniciúla dá dtagraítear sa mheasúnú sábháilteachta i gcomhréir le mír 1 agus a rinneadh tar éis an 30 Meitheamh 1988 chun sábháilteacht táirge chosmaidigh a mheasúnú, comhlíonfaidh siad reachtaíocht Chomhphobail maidir le prionsabail dea-chleachtais saotharlainne, mar ab infheidhme tráth déanta an staidéir, nó comhlíonfaidh siad caighdeáin idirnáisiúnta eile atá aitheanta ag an gCoimisiún nó ag an ECHA mar chaighdeáin choibhéiseacha.

*Airteagal 11***Comhad faisnéise táirge**

1. Nuair a chuirtear táirge cosmaideach ar an margadh, coinneoidh an duine freagrach comhad faisnéise táirge dó. Coinneofar an comhad faisnéise táirge ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis an dáta a cuireadh an bhaisc dheireanach den táirge cosmaideach ar an margadh.

2. Beidh an fhaisnéis agus na sonraí seo a leanas sa chomhad faisnéise táirge agus tabharfar cothrom le dáta iad de réir mar is gá:

- (a) tuairisc ar an táirge cosmaideach lena gcumasaítear an comhad faisnéise táirge a chur go soiléir i mbaint leis an táirge cosmaideach;
- (b) an tuarascáil ar shábháilteacht an táirge chosmaidigh dá dtagraítear in Airteagal 10(1);
- (c) tuairisc ar an modh monaraíochta agus ráiteas maidir le comhlíonadh an dea-chleachtais monaraíochta dá dtagraítear in Airteagal 8;
- (d) i gcás údar maith a bheith ann, de bharr chineál nó éifeacht an táirge chosmaidigh, cruthúnas ar an éifeacht a mhaítear maidir leis an táirge cosmaideach;
- (e) sonraí maidir le haon tástáil ar ainmhithe a rinne an monaróir, a ghníomhairí nó a sholáthróirí agus a bhaineann le forbairt an táirge chosmaidigh nó a chomhábhar, nó le measúnú ar shábháilteacht an táirge chosmaidigh nó a chomhábhar, lena n-áirítear aon tástáil a rinneadh ar ainmhithe chun ceanglais reachtacha nó ceanglais rialála tríú tíortha a chomhlíonadh.

3. Cuirfidh an duine freagrach an comhad faisnéise táirge ar fáil d'údarás inniúil an Bhallstáit ina gcoinnítear an comhad agus beidh an comhad sin ar fáil go héasca i bhformáid leictreonach nó i bhformáid eile ag a sheoladh de réir mar a thaispeántar ar an lipéad.

**▼B**

Beidh an fhaisnéis atá sa chomhad faisnéise táirge ar fáil i dteanga atá sothuigthe ag údaráis inniúla an Bhallstáit.

4. Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i bhfomhír 1 go fomhír 3 den Airteagal seo maidir le táirgí cosmaideacha a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi Threoir 76/768/CEE freisin.

*Airteagal 12***Sampláil agus anailísiú**

1. Déanfar sampláil agus anailísiú ar tháirgí cosmaideacha i slí iontaofa agus in-atáirgthe.

2. Cheal aon reachtaíochta Comhphobail infheidhme, glacfar leis go bhfuil iontaofacht agus in-atáirgtheacht ann más rud é, maidir leis an modh a úsáidtear, go bhfuil sé i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, a bhfuil a gcuid tagairtí foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 13***Fógra a thabhairt**

1. Sula gcuirfean an táirge cosmaideach ar an margadh, cuirfidh an duine freagrach an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin trí mheán leictreonach:

- (a) catagóir an táirge chosmaidigh agus a ainm nó a ainmneacha, rud a chumasófar é a shainaithint go sonrach;
- (b) ainm agus seoladh an duine fhreagraigh ag a gcuirtear an comhad faisnéise táirge ar fáil go héasca;
- (c) an tír thionscnaimh i gcás allmhaire;
- (d) an Ballstát ina gcuirfean an táirge cosmaideach ar an margadh;
- (e) na mionsonraí teagmhála do phearsa chorpártha lena ndéanfar teagmháil i gcás inar gá déanamh amhlaidh;
- (f) substaintí atá sa táirge i bhfoirm nanábhar agus:
  - (i) céannacht na substaintí sin lena n-áirítear an t-ainm ceimiceach (IUPAC) agus tuairisceoirí eile mar atá sonraithe i bpointe 2 den Bhrollach a ghabhann le hIarscríbhinn II go hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo;
  - (ii) na dálaí atá measartha intuartha maidir le teacht faoi lé na substaintí sin;
- (g) ainm agus uimhir an *Chemicals Abstracts Service* (CAS) nó an uimhir CE le haghaidh substaintí a aicmítear mar shubstaintí carcanaigineacha, mar shubstaintí só-ghineacha nó mar shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh (CMR), ar substaintí iad de chuid chatagóir 1A nó chatagóir 1B, faoi Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008;
- (h) an creat-fhoirmiú lena gceadaítear cóireáil phras agus iomchuí leighis i gcás deacrachtaí.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír freisin maidir le táirgí cosmaideacha a d tugtar fógra ina leith faoi Threoir 76/768/CEE freisin.

▼B

2. Nuair a chuirtear an táirge cosmaideach ar an margadh, déanfaidh an duine freagrach fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an lipéadú bunaidh agus, i gcás ina bhfuil sé measartha inléite, tabharfar grianghraf den phacáistíocht chomhfhreagrach.

3. Amhail ón 11 Iúil 2013, aon dáileoir a chuirfidh táirge cosmaideach ar fáil i mBallstát, ar táirge é atá curtha ar an margadh cheana i mBallstát eile, agus a dhéanfaidh, ar a thionscnamh féin, aon eilimint de lipéadú an táirge sin a aistriú chun an dlí náisiúnta a chomhlíonadh, déanfaidh an dáileoir sin an fhaisnéis seo a leanas a chur faoi bhráid an Choimisiúin trí mheán leictreonach:

- (a) catagóir an táirge chosmaidigh, ainm an táirge sin sa Bhallstát seolta agus ainm an táirge sin sa Bhallstát ina gcuirtear ar fáil é, rud a chumasóidh é a shainathint go sonrach;
- (b) an Ballstát ina gcuirtear an táirge cosmaideach ar fáil;
- (c) a ainm agus a sheoladh féin;
- (d) ainm agus seoladh an duine fhreagraigh ag a gcuirfear an comhad faisnéise táirge ar fáil go héasca.

4. I gcás ina mbeifear tar éis táirge cosmaideach a chur ar an margadh roimh 11 Iúil 2013 ach nach gcuirtear é ar an margadh a thuilleadh amhail ón dáta sin, agus i gcás ina dtabharfaidh dáileoir an táirge sin isteach i mBallstát tar éis an dáta sin, déanfaidh an dáileoir sin na nithe seo a leanas a chur in iúl don duine freagrach:

- (a) catagóir an táirge chosmaidigh, ainm an táirge sin sa Bhallstát seolta agus ainm an táirge sin sa Bhallstát ina gcuirtear ar fáil é, le go bhféadfar é a shainathint go sonrach;
- (b) an Ballstát ina gcuirtear an táirge cosmaideach ar fáil;
- (c) a ainm agus a sheoladh féin.

Ar bhonn an méid sin a chur in iúl, déanfaidh an duine freagrach an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin trí mheán leictreonach, i gcás nár tugadh fógraí de réir Airteagal 7(3) agus Airteagal 7a(4) de Threoir 76/768/CEE sa Bhallstát ina gcuirtear an táirge cosmaideach ar fáil.

5. Déanfaidh an Coimisiún, gan mhoill, an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (g) de mhír 1, agus i mír 2 agus mír 3 a chur ar fáil go leictreonach do gach údarás inniúil.

Ní fhéadfaidh údaráis inniúla an fhaisnéis sin a úsáid ach amháin ar mhaithe le faireachas ar an margadh, anailísiú margaidh, meastóireacht agus faisnéis tomhaltóra i gcomhthéacs Airteagal 25, Airteagal 26 agus Airteagal 27.

6. Déanfaidh an Coimisiún, gan mhoill, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, i mír 2 agus i mír 3 a chur ar fáil go leictreonach do lárionaid nimhe nó do chomhlachtaí comhchosúla, má tá lárionaid nó comhlachtaí den sórt sin bunaithe ag na Ballstáit

Ní fhéadfaidh na comhlachtaí sin an fhaisnéis sin a úsáid ach amháin chun críocha cóireála leighis.

**▼B**

7. I gcás ina dtagann athrú ar aon chuid den fhaisnéis atá leagtha amach i mír 1, i mír 3 agus i mír 4, déanfaidh an duine freagrach nó an dáileoir faisnéis nuashonraithe a sholáthar gan mhoill.

8. Féadfaidh an Coimisiún, agus dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch agus riachtanais shonracha a bhaineann le faireachas ar an margadh á gcur san áireamh, mír 1 go mír 7 a leasú trí cheanglais a chur leo.

Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 32(3).

## CAIBIDIL IV

## SRIANTA MAIDIR LE SUBSTAINTÍ ÁIRITHE

*Airteagal 14***Srianta maidir le substaintí áirithe atá liostaithe sna hIarscríbhinní**

1. Gan dochar d'Airteagal 3, ní bheidh aon cheann de na nithe seo a leanas i dtáirgí cosmaideacha:

(a) substaintí toirmisce

— substaintí toirmisce atá liostaithe in Iarscríbhinn II;

(b) substaintí srianta

— substaintí srianta nach n-úsáidtear i gcomhréir leis na srianta atá leagtha síos in Iarscríbhinn III;

(c) datháin

(i) datháin seachas na cinn sin atá liostaithe in Iarscríbhinn IV agus datháin atá liostaithe ansin ach nach n-úsáidtear i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin, cé is moite de na táirgí dathúcháin gruaige dá dtagraítear i mír 2;

(ii) gan dochar do phointe (b), do phointe (d)(i) agus do phointe (e)(i), substaintí atá liostaithe in Iarscríbhinn IV ach nach bhfuil beartaithe lena n-úsáid mar dhatháin, agus nach n-úsáidtear i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

(d) leasaithe

(i) leasaithe seachas na cinn sin atá liostaithe in Iarscríbhinn V agus leasaithe atá liostaithe ansin ach nach n-úsáidtear i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin;

(ii) gan dochar do phointe (b), do phointe (c)(i) agus do phointe (e)(i), substaintí atá liostaithe in Iarscríbhinn V ach nach bhfuil beartaithe lena n-úsáid mar leasaithe, agus nach n-úsáidtear i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin;

(e) Scagairí ultraiviale

(i) scagairí ultraiviale seachas na cinn sin atá liostaithe in Iarscríbhinn VI agus scagairí ultraiviale atá liostaithe ansin ach nach n-úsáidtear i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin;

**▼B**

- (ii) gan dochar do phointe (b), do phointe (c)(i) agus do phointe (d)(i), substaintí atá liostaithe in Iarscríbhinn VI ach nach bhfuil beartaithe lena n-úsáid mar scagairí ultraivialaite, agus nach n-úsáidtear i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

2. Faoi réir cinnidh ón gCoimisiún chun raon feidhme Iarscríbhinn IV a leathnú chuig táirgí dathúcháin gruaige, ní bheidh datháin atá beartaithe chun an ghruaig a dhathú sna táirgí sin, seachas na datháin sin atá liostaithe in Iarscríbhinn IV agus datháin atá beartaithe chun an ghruaig a dhathú agus atá liostáilte san Iarscríbhinn ach nach n-úsáidtear i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

Maidir leis an gcinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ar cinneadh é atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 32(3).

*Airteagal 15***Substaintí a aicmítear mar shubstaintí CMR**

1. Toirmiscfear substaintí atá aicmithe mar shubstaintí CMR, ar substaintí iad de chuid chatagóir 2, faoi Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, a úsáid i dtáirgí cosmaideacha. Mar sin féin, féadfar substaint atá aicmithe i gcatagóir 2 a úsáid i dtáirgí cosmaideacha i gcás ina ndearna CEST meastóireacht ar an tsubstaint agus gur cinneadh go bhfuil sé sábháilte lena úsáid i dtáirgí cosmaideacha. Chun na gríoch sin, glacfaidh an Coimisiún na bearta is gá i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 32(3) den Rialachán seo.

2. Toirmiscfear substaintí atá aicmithe mar shubstaintí CMR, ar substaintí iad de chuid chatagóir 1A nó chatagóir 1B, faoi Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, a úsáid i dtáirgí cosmaideacha.

Mar sin féin, féadfar substaintí den sórt sin a úsáid i dtáirgí cosmaideacha ar mhodh eisceachta más rud é, i ndiaidh iad a aicmiú mar shubstaintí CMR de chuid chatagóir 1A agus chatagóir 1B faoi Chuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, go bhfuil na coinníollacha seo a leanas go léir arna gcomhlíonadh:

- (a) go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le sábháilteacht bia mar a shainmhínítear iad i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta maidir le nithe a bhaineann le sábháilteachta bia <sup>(1)</sup>;
- (b) nach bhfuil aon substaintí malartacha oiriúnacha ar fáil, de réir anailise ar na substaintí malartacha;
- (c) go ndéantar an t-iarratas ar úsáid ar leith le haghaidh na catagóire táirgí, ar úsáid í arb eol ina leith an méid a bheifear faoi lé an táirge; agus
- (d) go bhfuil meastóireacht déanta orthu ag an CEST agus gur chinn an CEST go bhfuil siad sábháilte lena n-úsáid i dtáirgí cosmaideacha, go háirithe i bhfianaise an mhéid a bheifear faoi lé na dtáirgí sin agus an méid foriomlán atáthar faoi lé amhlaidh ó fhoinsí eile á chur san áireamh, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí soghonta den daonra.

<sup>(1)</sup> IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

**▼B**

Déanfar lipéadú sonracha lena seachnófar mí-úsáid an táirge chosmaidigh a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo, agus déanfar na rioscaí féideartha a bhaineann le substaint ghuaiseach a bheith sa táirge agus na bealaí ina dtagtar faoina lé a chur san áireamh.

Chun an mhír seo a chur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún, laistigh de 15 mhí ón tráth a chuirtear na substaintí lena mbaineann isteach i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 32(3) den Rialachán seo.

Ar mhórchúiseanna práinne, féadfaidh an Coimisiún leas a bhaint as an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 32(4) den Rialachán seo.

Tabharfaidh an Coimisiún sainordú do CEST athmheastóireacht a dhéanamh ar na substaintí sin a luaithe a thagann ábhar inní sábháilteachta chun cinn agus 5 bliana ar a dhéanaí tar éis iad a chur isteach in Iarscríbhinn III go hIarscríbhinn VI den Rialachán seo, agus, ar a laghad, gach cúig bliana ina dhiaidh sin.

3. Faoi 11 Eanáir 2012, áiríteoidh an Coimisiún go bhforbrófar treoir iomchuí chun a chumasú cur chuige comhchuíbhithe a bheith ann maidir le meastacháin ar an méid foriomlán atáthar faoi lé substaintí a fhorbairt agus a úsáid le linn measúnú a dhéanamh ar úsáid shábháilte substaintí CMR. Déanfar an treoir sin a fhorbairt i gcomhairle le CEST, le ECHA, le EFSA agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, agus úsáid á baint as an dea-chleachtas ábhartha, de réir mar is iomchuí.

4. Nuair a bheidh critéir atá comhaontaithe ag an gComhphobal nó go hidirnáisiúnta ar fáil chun substaintí ag a bhfuil airíonna réabtha inchrínigh a shainaithint, nó ar an 11 Eanáir 2015, ar a dhéanaí, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo maidir le substaintí ag a bhfuil airíonna réabtha inchrínigh.

*Airteagal 16***Nanábhair**

1. Maidir le gach táirge cosmaideach ina bhfuil nanábhair, áiríteofar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine.

2. Níl feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir le nanábhair a úsáidtear mar dhatháin, scagairí ultraivialaite nó leasaithe a rialáiltear faoi Airteagal 14, mura rud é go sonraítear amhlaidh go sainráite.

3. De bhreis ar an bhfógra faoi Airteagal 13, déanfaidh an duine freagrach fógra faoi tháirgí cosmaideacha ina bhfuil nanábhair a thabhairt don Choimisiún trí mheán leictreonach sé mhí sula gcuirtear iad ar an margadh, ach amháin i gcás inar chuir an duine freagrach céanna ar an margadh iad cheana féin roimh an 11 Eanáir 2013.

Sa chás deireanach sin, de bhreis ar an bhfógra faoi Airteagal 13, déanfaidh an duine freagrach fógra faoi tháirgí cosmaideacha ina bhfuil nanábhair agus a cuireadh ar an margadh a thabhairt don Choimisiún trí mheán leictreonach idir an 11 Eanáir 2013 agus an 11 Iúil 2013.

**▼B**

Níl feidhm ag an chéad fhomhír ná ag an dara fhomhír maidir le táirgí cosmaideacha ina bhfuil nanábhair a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach in Iarscríbhinn III.

Beidh na nithe seo a leanas ar a laghad san fhaisnéis a chuirfear in iúl don Choimisiún:

- (a) céannacht an nanábhair lena n-áirítear a ainm ceimiceach (IUPAC) agus tuairisceoirí eile de réir mar atá sonraithe i bpointe 2 den Bhrollach a ghabhann le hIarscríbhinn II go hIarscríbhinn VI;
- (b) sonraíocht an nanábhair lena n-áirítear méid na gcáithníní, airíonna fisiceacha agus airíonna ceimiceacha;
- (c) meastachán ar an gcainníocht den nanábhair i dtáirgí cosmaideacha a bheartaítear a chur ar an margadh in aghaidh na bliana;
- (d) próifíl thocsaineolaíoch an nanábhair;
- (e) sonraí sábháilteachta an nanábhair ar sonraí iad a bhaineann leis an gcatagóir táirge chosmaidigh ina n-úsáidtear an nanábhar;
- (f) na dálaí ina mbeifear faoi lé an nanábhair ar dálaí iad atá measartha intuartha.

Féadfaidh an duine freagrach duine dlítheanach nó nádúrtha eile a ainmniú, trí shainordú i scríbhinn, chun fógra faoi nanábhair a thabhairt agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don Choimisiún.

Soláthróidh an Coimisiún uimhir thagartha i ndáil le tíolacadh na próifíle tocsaineolaíche agus féadfar an uimhir sin a chur in ionad na faisnéise atá le cur in iúl faoi phointe (d).

4. I gcás ina bhfuil ábhar inní ag an gCoimisiún maidir le sábháilteacht nanábhair, iarrfaidh an Coimisiún, gan mhoill, ar CEST a thuairim a thabhairt maidir le sábháilteacht an nanábhair sin i ndáil lena úsáid sna catagóirí ábhartha táirgí cosmaideacha agus sna dálaí measartha intuartha ina mbeifear faoina lé. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí. Tabharfaidh CEST a thuairim laistigh de sé mhí i ndiaidh iarraidh an Choimisiúin a fháil. Má chinneann CEST go bhfuil aon sonraí riachtanacha in easnamh, iarrfaidh an Coimisiún ar an duine freagrach na sonraí sin a sholáthar laistigh de thréimhse réasúnach ama a chuirfear in iúl go sainráite agus nach bhfadófar. Tabharfaidh CEST a thuairim dheiridh laistigh de sé mhí i ndiaidh sonraí breise a bheith curtha faoina bhráid. Déanfar tuairim CEST a chur ar fáil don phobal.

5. Féadfaidh an Coimisiún, aon tráth, an nós imeachta i mír 4 a agairt i gcás ina bhfuil aon ábhar inní aige maidir le sábháilteacht, mar shampla, de bharr faisnéise nua arna soláthar ag tríú páirtí.

6. Agus tuairim an CEST á cur san áireamh, agus i gcás ina bhféadfadh riosca a bheith ann do shláinte an duine, lena n-áirítear nuair nach bhfuil dóthain sonraí ann, féadfaidh an Coimisiún Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a leasú.

7. Féadfaidh an Coimisiún, agus dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch á chur san áireamh, mír 3 a leasú trí cheanglais a chur léi.

8. Maidir leis na bearta dá dtagraítear i mír 6 agus i mír 7, ar bearta iad atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 32(3).

**▼B**

9. Ar mhórchúiseanna práinne, féadfaidh an Coimisiún leas a bhaint as an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 32(4).

10. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

- (a) Faoin 11 Eanáir 2014, cuirfidh an Coimisiún catalóg ar fáil de na nanábhair go léir a úsáidtear i dtáirgí cosmaideacha a chuirtear ar an margadh, lena n-áirítear na cinn a úsáidtear mar dhatháin, scagairí ultravialaite agus leasaitheigh i roinn ar leith, agus léireofar na catagóirí táirgí cosmaideacha agus na dálaí measartha intuartha ina mbeifear faoina lé. Déanfar an chatalóg sin a nuashonrú go tráthrialta ina dhiaidh sin agus cuirfear ar fáil don phobal é.
- (b) Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil stádais bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus tabharfar faisnéis sa tuarascáil sin maidir le forbairtí ar úsáid nanábhar i dtáirgí cosmaideacha laistigh den Chomhphobal, lena n-áirítear na cinn a úsáidtear mar dhatháin, scagairí ultravialaite agus leasaitheigh i roinn ar leith. Déanfar an chéad tuarascáil a thíolacadh faoin 11 Iúil 2014. Sa tuarascáil nuashonrúcháin, déanfar achoimre, go háirithe, ar na nanábhair nua i gcatagóirí nua táirgí cosmaideacha, ar líon na bhfógraí a tugadh, ar an dul chun cinn atá déanta maidir le forbairt modhanna measúnaithe a bhaineann go sonrach le nanábhair agus treoracha do mheasúnuithe sábháilteachta, agus ar fhaisnéis maidir le cláir chomhair idirnáisiúnta.

11. Déanfaidh an Coimisiún na forálacha den Rialachán seo a bhaineann le nanábhair a athbhreithniú go tráthrialta i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus, más gá, molfaidh sé leasuithe oiriúnacha ar na forálacha sin.

Rachfar i mbun an chéad athbhreithnithe faoin 11 Iúil 2018.

*Airteagal 17***Rianta substaintí toirmisce**

Maidir le láithreach neamhbheartaithe cainníochta bige de shubstaint thoirisce, ar láithreach í a eascraíonn as eisíontais comhábhar nádúrtha nó sintéiseach, as an bpróiseas monaraíochta, as stóráil, as ascnamh ón bpacáistíocht agus atá dosheachanta go teicniúil i rith an dea-chleachtas monaraíochta, ceadófar í ar choinníoll go gcomhlíonann an láithreach sin Airteagal 3.

## CAIBIDIL V

**TÁSTÁIL AR AINMHITHE***Airteagal 18***Tástáil ar ainmhithe**

1. Gan dochar do na hoibleagáidí ginearálta a éiríonn as Airteagal 3, toirmeascfar an méid seo a leanas:

- (a) táirgí cosmaideacha a chur ar an margadh más rud é, chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, go raibh an foirmiú deiridh ina ábhar do thástáil ar ainmhithe inar úsáideadh modh seachas modh malartach tar éis an modh malartach sin a bheith bailíochtaithe agus glactha ar leibhéal an Chomhphobail, ag féachaint go cuí d'fhorbairt an bhailíochtaithe laistigh de ECFE;



**▼B**

- (b) táirgí cosmaideacha a chur ar an margadh, ar táirgí iad ina bhfuil comhábhair nó teaglamaí comhábhara, chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, ina n-ábhar do thástáil ar ainmhithe inar úsáideadh modh seachas modh malartach tar éis an modh malartach sin a bheith bailíochtaithe agus glactha ar leibhéal an Chomhphobail, ag féachaint go cuí d'fhorbairt an bhailíochtaithe laistigh de ECFE;
- (c) táirgí cosmaideacha críochnaithe a thástáil ar ainmhithe laistigh den Chomhphobal chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh;
- (d) comhábhair nó teaglamaí comhábhar a thástáil ar ainmhithe laistigh den Chomhphobal chun ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, tar éis an dáta nach mór tástálacha den sórt sin a ionadú le modh amháin nó níos mó de na modhanna malartacha bailíochtaithe atá liostaithe i Rialachán (CE) Uimh. 440/2008 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2008 lena leagtar síos na modhanna tástála de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) <sup>(1)</sup> nó in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Tar éis dul i gcomhairle le CEST agus leis an Lárionad Eorpach um Bailíochtú Modhanna Malartacha (ECVAM) agus ag féachaint go cuí d'fhorbairt an bhailíochtaithe laistigh de ECFE, tá tráthchláir bunaithe ag an gCoimisiún chun na forálacha faoi phointe (a), faoi phointe (b) agus faoi phointe (d) de mhír 1, lena n-áirítear spriocdhátaí i gcomhair na tástálacha éagsúla a chéimniú amach, a chur chun feidhme. Cuireadh na tráthchláir ar fáil don phobal an 1 Deireadh Fómhair 2004 agus cuireadh iad chuig Parlaimint na hEorpa agus an gComhairle. Socraíodh an 11 Márta 2009 mar theorainn ama don tréimhse i gcomhair cur chun feidhme i ndáil le pointe (a), pointe (b) agus pointe (d) de mhír 1.

Maidir leis na tástálacha a bhaineann le tocsaineacht ildáileoige, tocsaineacht atáirgthe agus tocsainichinéitic, ar tástálacha iad nach bhfuil aon mhodh malartach á bhreithniú fós ina leith, beidh an 11 Márta 2013 mar theorainn ama don tréimhse i gcomhair chur chun feidhme mhír 1(a) agus (b).

Déanfaidh an Coimisiún staidéar ar na deacrachtaí teicniúla a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le comhlíonadh an choisc maidir le tástálacha, go háirithe na cinn a bhaineann le tocsaineacht ildáileoige, tocsaineacht atáirgthe agus tocsainichinéitic, nach bhfuil aon mhodh malartach á bhreithniú fós ina leith. Beidh faisnéis faoi thorthaí sealadacha agus faoi thorthaí críochnaitheacha na staidéar sin ina cuid de na tuarascálacha bliantúla arna dtíolacadh de bhun Airteagal 35.

Ar bhonn na dtuarascálacha bliantúla seo, d'fhéadfaí na tráthchláir a bhunaítear agus dá dtagraítear sa chéad fhomhír a oiriúnú suas go dtí an 11 Márta 2009 maidir leis an gcéad fhomhír agus féadfar iad a oiriúnú suas go dtí an 11 Márta 2013 maidir leis an dara fhomhír agus tar éis dul i gcomhairle leis na heintitis dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

<sup>(1)</sup> IO L 142, 31.5.2008, lch. 1.

**▼B**

Déanfaidh an Coimisiún staidéar ar an dul chun cinn agus ar chomhlíonadh na spriodhataí agus ar na deacrachtaí teicniúla a d'fhéadfadh bheith ann maidir le comhlíonadh an choisc. Beidh faisnéis faoi thorthaí sealadacha agus faoi thorthaí críochnaitheacha staidéir an Choimisiúin ina cuid de na tuarascálacha bliantúla arna dtíolacadh de bhun Airteagal 35. I gcás ina gcinntear leis na staidéir seo, dhá bhliain ar a dhéanaí roimh dheireadh na tréimhse uasta dá dtagraítear sa dara fómhír, nach ndéanfar, ar chúiseanna teicniúla, tástáil amháin nó níos mó dá dtagraítear san fhomhír sin a fhorbairt agus a bhailíochtú roimh dheireadh na tréimhse dá dtagraítear ansin, tabharfaidh sé fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus cuirfidh sé togra reachtach chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 251 den Chonradh.

Más rud é, in imthosca eisceachtúla, go dtagann ábhar inní tromchúiseach chun cinn maidir le sábháilteacht comhábhair chosmaidigh atá ann cheana féadfaidh Ballstát a iarraidh ar an gCoimisiún maolú a thabhairt ó mhír 1. Beidh meastóireacht ar an staid san áireamh san iarraidh sin agus tabharfar léiriú inti ar na bearta is gá. Ar an mbonn seo, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le CEST agus trí chinneadh réasúnaithe, an maolú a údarú. Leis an údarú sin, leagfar síos na coinníollacha a bhaineann leis an maolú seo i dtéarmaí cuspóirí sonracha, ré agus tuairisciú na dtorthaí.

Ní thabharfar maolú ach amháin más rud é:

- (a) go bhfuil an comhábhar in úsáid go forleathan agus nach féidir comhábhar eile a dhéanfadh feidhm den saghas céanna a chur ina ionad;
- (b) go bhfuil cuí-réasúnú ann maidir leis an bhfadhb shonrach do shláinte an duine agus go bhfuil údar leis an ngá le tástáil a dhéanamh ar ainmhithe agus go bhfuil prótacal mionsonraithe taighde ann mar thacaíocht, agus é molta mar bhonn leis an meastóireacht.

Beidh an cinneadh maidir leis an údarú, maidir leis na coinníollacha a bhaineann leis agus an toradh críochnaitheach a bhaintear amach mar chuid den tuarascáil bhliantúil arna tíolacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 35.

Maidir leis na bearta dá dtagraítear sa séú fómhír, agus atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 32(3).

3. Chun críocha an Airteagail seo agus Airteagal 20:

- (a) ciallaíonn ‘táirge cosmaideach críochnaithe’ an táirge cosmaideach ina fhoirmiú deiridh, mar a chuirtear é ar an margadh agus mar a chuirtear ar fáil é don úsáideoir deiridh, nó a fhréamhshamhail;
- (b) ciallaíonn ‘fréamhshamhail’ an chéad samhail nó an chéad dearadh nár táirgeadh i mbaisceanna, agus óna ndéantar an táirge cosmaideach críochnaithe a chóipeáil nó a fhorbairt go críochnaitheach.



CAIBIDIL VI  
FAISNÉIS DO THOMHALTÓIRÍ

*Airteagal 19*

**Lipéadú**

1. Gan dochar d'fhorálacha eile san Airteagal seo, ní chuirfear táirgí cosmaideacha ar fáil ar an margadh ach amháin i gcás ina bhfuil an fhaisnéis seo a leanas ar choimeádán agus ar phacáistíocht na dtáirgí cosmaideacha i litreoireacht atá doscriosta, soléite agus infheicthe:

- (a) ainm nó ainm cláraithe agus seoladh an duine fhreagraigh. Féadfar an fhaisnéis sin a ghiorrú a mhéid a chumasóidh an giorrúchán an duine sin agus a sheoladh a shainaithint. I gcás ina dtugtar níos mó ná seoladh amháin, déanfar an seoladh ag a ndéanann an duine freagrach an comhad faisnéise táirge a chur ar fáil go héasca a aibhsiú. Déanfar an tír thionscnaimh a shonrú i gcás táirgí cosmaideach allmhairithe;
- (b) an toilleadh ainmniúil tráth a phacáistithe, arna chur in iúl de réir meáchain nó toirte, seachas i gcás pacáistíochta ina bhfuil níos lú ná cúig ghran nó cúig mhillilítear, samplaí in aisce agus pacáí úsáide aon uaire; i gcás réamhphacáistí a dhíoltar de ghnáth mar líon áirithe míreanna, agus nach bhfuil tábhacht ag baint le mionsonraí meáchain nó toirte dóibh, ní gá an toilleadh a thabhairt ar choinníoll go dtaispeántar líon na míreanna ar an bpacáistíocht. Ní gá an fhaisnéis seo a thabhairt más féidir líon na míreanna a fheiceáil go héasca ón taobh amuigh nó más rud é nach ndíoltar an táirge ach ar bhonn leithleach de ghnáth;
- (c) an dáta ar go dtí é a leanfaidh an táirge cosmaideach, arna stóráil faoi dhálaí iomchuí, dá fheidhm tosaigh a chomhlíonadh agus, go háirithe, a bheidh sé fós i gcomhréir le hAirteagal 3 ('dáta íosmharthanachta').

Déanfar an tsiombail atá ar taispeánt i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VII nó na focail: 'is fearr an táirge seo a úsáid roimh dheireadh' a chur roimh an dáta féin nó roimh na mionsonraí i dtaobh cén áit a luaitear an dáta ar an bpacáistíocht.

Déanfar an dáta íosmharthanachta a léiriú go soiléir agus is é a bheidh ann ná an mhí agus an bhliain nó an lá, an mhí agus an bhliain, san ord sin. Más gá, forlíonfar an fhaisnéis seo le léiriú ar na coinníollacha nach mór a shásamh chun an íosmharthanacht atá luaite a ráthú.

Ní bheidh an léiriú maidir leis an dáta íosmharthanachta éigeantach i gcomhair táirgí cosmaideacha ag a bhfuil íosmharthanacht atá níos mó ná 30 mí. I gcás táirgí den sórt sin, tabharfar léiriú maidir leis an tréimhse ama, tar éis an táirge a oscailt, a mbeidh sé sábháilte lena linn agus a bhféadfar é a úsáid lena linn gan díobháil don tomhaltóir. Ach amháin i gcás nach bhfuil coincheap na marthanachta i ndiaidh oscailte ábhartha, tabharfar an fhaisnéis seo tríd an tsiombail a thaispeántar i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VII agus an tréimhse (i míonna agus/nó i mblianta) a thabhairt ina diaidh;

- (d) réamhchúraimí áirithe atá le hurramú le linn úsáide agus, ar a laghad, na réamhchúraimí sin atá liostaithe in Iarscríbhinn III go hIarscríbhinn VI, agus aon fhaisnéis speisialta eile maidir le réamhchúraimí, ar fhaisnéis í a bhaineann le táirgí cosmaideacha atá le húsáid go gairmiúil;

**▼B**

- (e) baiscuimhir mhonaraíochta nó an tagairt lena sainithnítear an táirge cosmaideach. I gcás ina bhfuil sé sin dodhéanta ar chúiseanna praiticiúla mar go bhfuil na táirgí cosmaideacha róbheag, is ar an bpacáistíocht amháin is gá an fhaisnéis sin a thabhairt;
- (f) an fheidhm atá leis an táirge cosmaideach, mura rud é go bhfuil an fheidhm sin soiléir ón gcur i láthair;
- (g) liosta comhábhar. Féadfar an fhaisnéis seo a thaispeáint ar an bpacáistíocht amháin. Cuirfear an téarma ‘ingredients’ roimh an liosta.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn comhábhar substaint nó meascán a úsáidtear go hintinneach sa táirge cosmaideach i rith an phróisis monaraíochta. Ní mheasfar, áfach, gur comhábhair iad na nithe seo a leanas:

- (i) eisíontais sna hamhábhair a úsáidtear;
- (ii) fo-ábhair theicniúla a úsáidtear sa mheascán ach nach bhfuil i láthair sa táirge críochnaitheach.

Is iad na téarmaí ‘parfum’ nó ‘aroma’ a úsáidtear chun tagairt a dhéanamh do chumhrán agus do chomhshuímh aramatacha agus dá n-amhábhair. Thairis sin, i gcás substaintí a bheith ann ar substaintí iad a gceanglaítear iad a lua faoin gcolún ‘Eile’ in Iarscríbhinn III, léireofar iad i liosta na gcomhábhar de bhreis ar na téarmaí ‘parfum’ nó ‘aroma’.

Bunófar liosta na gcomhábhar in ord íslitheach de réir mheáchan na gcomhábhar an tráth a chuirtear leis an táirge cosmaideach iad. Féadfar comhábhair atá i láthair i dtiúchan faoi bhun 1 % a liostú in aon ord i ndiaidh na gcomhábhar sin atá i láthair i dtiúchan os cionn 1 %.

Déanfar na comhábhair go léir atá i láthair i bhfoirm nanábhar a léiriú go soiléir i liosta na gcomhábhar. Cuirfear an focal ‘nano’ idir lúibíní i ndiaidh ainmneacha comhábhar den sórt sin.

Maidir le datháin seachas datháin atá beartaithe chun an ghruaig a dhathú, féadfar iad a liostú in aon ord i ndiaidh na gcomhábhar cosmaideach eile. I gcás táirgí cosmaideacha maisiúla a mhargaítear i roinnt imreacha datha, féadfar na datháin go léir a úsáidtear sa réimse a liostú, seachas na datháin sin atá beartaithe chun an ghruaig a dhathú, ar choinníoll go gcuirtear isteach na focail ‘d’fhéadfadh na nithe seo a leanas bheith ann:’ nó an tsiombail ‘+/-’. Úsáidtear ainmníocht CI (Dathinnéacs), i gcás inarb infheidhme.

2. Nuair atá sé dodhéanta, ar chúiseanna praiticiúla, an fhaisnéis a luaitear i bpointe (d) agus i bpointe (g) de mhír 1 a chur ar an lipéad de réir mar a fhoráiltear, tá feidhm ag an méid seo a leanas:

- déanfar an fhaisnéis a lua ar bhileog, ar lipéad, ar théip, ar chlib nó ar chárta a bheidh faoi iamh nó i gceangal leis an táirge;
- mura rud é go bhfuil sé nach bhfuil sé indéanta, déanfar tagairt don fhaisnéis seo trí fhaisnéis ghiorraithe nó tríd an tsiombail atá luaite i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VII, agus ní mór an méid sin a bheith le feiceáil ar an gcoimeádán nó ar an bpacáistíocht i gcás na faisnéise dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1 agus ar an bpacáistíocht i gcás na faisnéise dá dtagraítear i bpointe (g) de mhír 1.

**▼B**

3. I gcás gallúnaí, liathróidíní folctha agus táirgí beaga eile, i gcás ina bhfuil sé dodhéanta, ar chúiseanna praiticiúla, an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (g) de mhír 1 a chur ar lipéad, ar chlib, ar théip nó ar chárta ná ar bhileog faoi iamh, tabharfar an fhaisnéis sin ar fhógra atá díreach in aice leis an gcoimeádán ina bhfuil an táirge cosmaideach ar taispeáint lena dhíol.

4. I gcás táirgí cosmaideacha nach bhfuil réamhphacáistithe, a phacáistítear ag an bpointe díola arna iarraidh sin ag an gceannaitheoir, nó a réamhphacáistítear chun críocha díola láithrigh, glacfaidh na Ballstáit rialacha mionsonraithe chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a léiriú.

5. Déanfar an teanga ina dtabharfar an fhaisnéis a luaitear i bpointí (b), (c), (d) agus (f) de mhír 1 agus i mír (2), i mír (3) agus i mír (4) a chinneadh de réir dhlí na mBallstát ina gcuirtear an táirge ar fáil don úsáideoir deiridh.

6. Cuirfean an fhaisnéis a luaitear i bpointe (g) de mhír 1 in iúl trí ainm coitianta an chomhábhair atá leagtha amach sa ghluais dá bhforáiltear in Airteagal 33 a úsáid. In éagmais ainm choitianta don chomhábhar, úsáidfear téarma mar atá luaite in ainmníocht a bhfuil glactha léi i gcoitinne.

*Airteagal 20***Maíteachtaí faoin táirge**

1. Le linn táirgí cosmaideacha a lipéadú, a chur ar fáil ar an margadh agus a fhógairt, ní dhéanfar téacs, ainmneacha, trádmharcanna, pictiúir agus comharthaí fáthchiallacha nó comharthaí eile a úsáid chun a mhaíomh go bhfuil saintréithe nó feidhmeanna ag baint leis na táirgí sin ar saintréithe nó feidhmeanna iad nach bhfuil acu.

2. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, plean gníomhaíochta a bhunú maidir le maíteachtaí a úsáidtear agus socróidh sé tosaíochtaí chun critéir choiteanna a chinneadh maidir lena léiriú go bhfuil údar le húsáid maíteachta.

Tar éis dul i gcomhairle le CEST nó le húdaráis ábhartha eile, glacfaidh an Coimisiún liosta de chritéir choiteanna le haghaidh maíteachtaí a fhéadfar a úsáid i leith táirgí cosmaideacha, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 32(3) den Rialachán seo, agus forálacha Threoir 2005/29/CE á gcur san áireamh.

Faoin 11 Iúil 2016, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Parlaimint an hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le húsáid maíteachtaí ar bhonn na gcritéar coiteann arna nglacadh faoin dara fomhír. Más é atá i gconclúid na tuarascála ná nach bhfuil maíteachtaí a úsáidtear i leith táirgí cosmaideacha i gcomhréir leis na critéir choiteanna, déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí, i gcomhar leis na Ballstáit, chun comhlíonadh a áirithiú.

3. Maidir le pacáistíocht an táirge nó maidir le haon doiciméad, fógra, lipéad, fainne nó coiléar a ghabhann leis an táirge cosmaideach nó ina ndéantar tagairt don táirge cosmaideach, ní fhéadfaidh an duine freagrach tagairt a dhéanamh sna nithe sin don mhaíomh nach ndearnadh aon tástáil ainmhithe ach amháin más rud é nach ndearna an monaróir ná a sholáthróirí, nó nár choimisiúnaigh siad, aon tástálacha ainmhithe ar an táirge cosmaideach críochnaithe, nó ar a fhréamhshamhail, nó ar aon chomhábhar atá ann, nó nach ndearna páirtithe eile aon chomhábhair a tástáladh ar ainmhithe a úsáid chun táirgí nua cosmaideacha a fhorbairt.



### *Airteagal 21*

#### **Rochtain phoiblí ar fhaisnéis**

Gan dochar go háirithe do chosaint rúndachta tráchtála agus ceart maoine intleachtúla, áiríteoidh an duine freagrach go mbeidh rochtain éasca ag an bpobal, trí aon mhodhanna is iomchuí, ar chomhshuíomh cáilíochtúil agus cainníochtúil an táirge chosmaidigh agus, i gcás comhshuímh cumhráin agus comhshuímh aramataigh, ar ainm agus ar chóduimhir an chomhshuímh agus ar chéannacht an tsoláthróra, mar aon le sonraí atá ann cheana maidir le hiarmhairtí neamh-inmhianaithe agus maidir le hiarmhairtí tromchúiseacha neamh-inmhianaithe a bheadh ann mar thoradh ar úsáid an táirge chosmaidigh.

Beidh an fhaisnéis chainníochtúil maidir le comhshuíomh an táirge chosmaidigh, ar fhaisnéis í is gá a chur ar fáil go poiblí, teoranta do shubstaintí guaiseacha i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

### CAIBIDIL VII

#### **FAIREACHAS AR AN MARGADH**

### *Airteagal 22*

#### **Rialú laistigh den mhargadh**

Déanfaidh na Ballstáit faireachán ar chomhlíonadh an Rialacháin seo trí leas a bhaint as rialuithe laistigh den mhargadh ar tháirgí cosmaideacha a chuirtear ar fáil ar an margadh. Déanfaidh siad seiceálacha iomchuí ar tháirgí cosmaideacha agus déanfaidh siad seiceálacha ar na hoibreoírí eacnamaíocha ar scála leormhaith, tríd an gcomhad faisnéise táirge agus, más iomchuí, déanfaidh siad seiceálacha fisiceacha agus saotharlainne ar bhonn samplaí leormhaithe.

Déanfaidh na Ballstáit faireachán freisin ar chomhlíonadh na bprionsabal a bhaineann le dea-chleachtais mhonaraíochta.

Déanfaidh na Ballstáit na cumhachtaí, na hacmhainní, agus an t-eolas is gá chun go bhféadfaidh údaráis um fhaireachas margaidh a gcúraimí a chomhlíonadh a thabhairt do na húdaráis sin.

Déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú agus measúnú go tréimhsiúil ar fheidhmiú a gcuid gníomhaíochtaí faireachais. Déanfar na hathbhreithnithe agus na measúnuithe sin uair amháin ar a laghad gach ceithre bliana agus cuirfear na torthaí in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún agus cuirfear ar fáil go poiblí iad, trí chumarsáid leictreonach agus, más iomchuí, ar mhodh eile.

### *Airteagal 23*

#### **Iarmhairtí tromchúiseacha neamh-inmhianaithe a chur in iúl**

1. I gcás iarmhairtí tromchúiseacha neamh-inmhianaithe a bheith ann, déanfaidh an duine freagrach agus na dáileoirí an méid seo a leanas a chur in iúl gan mhoill d'údarás inniúil an Bhallstáit inar tharla an iarmhairt thromchúiseach neamh-inmhianaithe:

- (a) na hiarmhairtí tromchúiseacha neamh-inmhianaithe go léir is eol dó nó ar cheart, le réasún, go mbeifí ag súil leis gurb eol dó iad;
- (b) ainm an táirge chosmaidigh lena mbaineann, chun a chumasú é a shainnaint go sonrach;
- (c) na bearta ceartúcháin atá déanta aige, más ann dóibh.

**▼B**

2. I gcás ina ndéanfaidh an duine freagrach tuairisc faoi iarmhairtí tromchúiseacha neamh-inmhianaithe a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit inar tharla an iarmhairt, déanfaidh an t-údarás inniúil sin an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a tharchur gan mhoill chuig údarás inniúla na mBallstát eile.

3. I gcás ina ndéanfaidh dáileoirí tuairisc faoi iarmhairtí tromchúiseacha neamh-inmhianaithe a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit inar tharla an iarmhairt, déanfaidh an t-údarás inniúil sin an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a tharchur gan mhoill chuig údarás inniúla na mBallstát eile agus chuig an duine freagrach.

4. I gcás ina ndéanfaidh úsáideoirí deiridh nó gairmithe sláinte tuairisc faoi iarmhairtí tromchúiseacha neamh-inmhianaithe a thabhairt d'údarás inniúil an Bhallstáit inar tharla an iarmhairt, déanfaidh an t-údarás inniúil sin an fhaisnéis maidir leis an táirge cosmaideach lena mbaineann a tharchur gan mhoill chuig údarás inniúla na mBallstát eile agus chuig an duine freagrach.

5. Féadfaidh údarás inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a úsáid ar mhaithe le faireachas laistigh den mhargadh, ar mhaithe le hanailísiú margaidh, ar mhaithe le meastóireacht agus ar mhaithe le faisnéis tomhaltóra i gcomhthéacs Airteagal 25, Airteagal 26 agus Airteagal 27.

*Airteagal 24***Faisnéis maidir le substaintí**

I gcás ina bhfuil mórámhras ann maidir le sábháilteacht aon substainte atá i dtáirgí cosmaideacha, féadfaidh údarás inniúil Ballstáit ina gcuirtear an táirge ina bhfuil substaint den sórt sin ar fáil ar an margadh a cheangal ar an duine freagrach, trí iarraidh réasúnaithe, liosta a thíolacadh de na táirgí cosmaideacha go léir a bhfuil sé freagrach astu agus ina bhfuil an tsubstaint sin. Léireoidh an liosta tiúchan na substainte sin sna táirgí cosmaideacha.

Féadfaidh údarás inniúla an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a úsáid ar mhaithe le faireachas laistigh den mhargadh, ar mhaithe le hanailísiú margaidh, ar mhaithe le meastóireacht agus ar mhaithe le faisnéis tomhaltóra i gcomhthéacs Airteagal 25, Airteagal 26 agus Airteagal 27.

## CAIBIDIL VIII

**NEAMH-CHOMHLÍONADH, CLÁSAL COIMIRCE***Airteagal 25***Neamh-chomhlíonadh ag an duine freagrach**

1. Gan dochar do mhír 4, ceanglóidh na húdaráis inniúla ar an duine freagrach gach beart iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear gníomhartha ceartaitheacha a chuirfidh an táirge cosmaideach i gcomhréir leis na rialacha, an táirge a tharraingt siar ón margadh nó é a aisghlaoch laistigh de theorainn ama a shonraítear go sainráiteach, i gcomhréir le nádúr an riosca, i gcás nach gcomhlíontar aon cheann áirithe de na nithe seo a leanas:

- (a) an dea-chleachtas monaraíochta dá dtagraítear in Airteagal 8;
- (b) an measúnú sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 10;

**▼B**

- (c) na ceanglais don chomhad faisnéise táirge dá dtagraítear in Airteagal 11;
- (d) na forálacha maidir le sampláil agus anailisiú dá dtagraítear in Airteagal 12;
- (e) na ceanglais fógartha dá dtagraítear in Airteagal 13 agus in Airteagal 16;
- (f) na srianta ar shubstaintí dá dtagraítear in Airteagail 14, in Airteagal 15 agus in Airteagal 17;
- (g) na ceanglais maidir le tástáil ar ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 18;
- (h) na ceanglais lipéadaithe dá dtagraítear in Airteagal 19(1), (2), (5) agus (6);
- (i) na ceanglais a bhaineann le maíteachtaí faoi tháirge mar atá leagtha amach in Airteagal 20;
- (j) rochtain phoiblí ar fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 21;
- (k) iarmhairtí tromchúiseacha neamh-inmhianaithe a chur in iúl, dá dtagraítear in Airteagal 23;
- (l) na ceanglais maidir le faisnéis ar shubstaintí, dá dtagraítear in Airteagal 24.

2. Más infheidhme, déanfaidh údarás inniúil, maidir leis na bearta a cheangail sé ar an duine freagrach a dhéanamh, na bearta sin a chur in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an duine freagrach bunaithe.

3. Áiritheoidh an duine freagrach go ndéanfar na bearta dá dtagraítear i mír 1 i ndáil leis na táirgí go léir lena mbaineann agus a chuirtear ar fáil ar an margadh ar fud an Chomhphobail.

4. I gcás rioscaí tromchúiseacha do shláinte an duine, agus i gcás ina measann an t-údarás inniúil nach bhfuil an neamh-chomhlíonadh teoranta do chríoch an Bhallstáit ina gcuirtear an táirge cosmaideach ar fáil ar an margadh, déanfaidh sé, maidir leis na bearta a cheangail sé ar an duine freagrach a dhéanamh, na bearta sin a chur in iúl don Choimisiún agus d'údaráis inniúla na mBallstát eile.

5. Déanfaidh an t-údarás inniúil gach beart iomchuí chun a thoirmeasc nó a shrianadh go gcuirfeadh an táirge cosmaideach ar fáil ar an margadh nó chun an táirge a tharraingt siar ón margadh nó chun é a aisghlaoch sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás ina bhfuil gá le gníomh láithreach mar gheall ar riosca tromchúiseach do shláinte an duine; nó
- (b) i gcás nach ndéanfaidh an duine freagrach gach beart iomchuí laistigh den teorainn ama dá dtagraítear i mír 1.

I gcás rioscaí tromchúiseacha do shláinte an duine, déanfaidh an t-údarás inniúil sin na bearta a rinneadh a chur in iúl, gan mhoill, don Choimisiún agus d'údaráis inniúla na mBallstát eile.

6. In éagmais riosca thromchúisigh do shláinte an duine, agus i gcás nach ndéanfaidh an duine freagrach gach beart iomchuí, déanfaidh an t-údarás inniúil na bearta a rinneadh a chur in iúl, gan mhoill, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an duine freagrach bunaithe.



**▼B**

7. Chun críocha mhír 4 agus mhír 5 den Airteagal seo, bainfear úsáid as an gcóras malartaithe faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 12(1) de Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí <sup>(1)</sup>.

Beidh feidhm freisin ag Airteagal 12(2), (3) agus (4) de Threoir 2001/95/CE agus ag Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú <sup>(2)</sup>.

*Airteagal 26***Neamh-chomhlíonadh ag dáileoirí**

Ceanglóidh údarás inniúla ar dháileoirí gach beart iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear gníomhartha ceartaitheacha a chuirfidh an táirge cosa-mideach i gcomhréir leis na rialacha, an táirge a tharraingt siar ón margadh nó é a aisghlaoch laistigh de theorainn ama réasúnach áirithe, i gcomhréir le nádúr an riosca, i gcás nach gcomhlíontar oibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 6.

*Airteagal 27***Clásal coimirce**

1. I gcás táirgí a chomhlíonann na ceanglais atá liostaithe in Airteagal 25(1), agus má fhaigheann údarás inniúil amach, nó má tá forais réasúnacha aige chun inní a bheith air, gurb ionann, nó go bhféadfadh sé gurb ionann, táirge cosmaideach nó táirgí cosmaideacha atá curtha ar fáil ar an margadh agus riosca tromchúiseach do shláinte an duine, déanfaidh sé gach beart sealadach iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar an táirge nó na táirgí lena mbaineann a tharraingt siar nó a aisghlaoch nó go ndéanfar a n-infhaighteacht a shrianadh ar shlí eile.

2. Déanfaidh an t-údarás inniúil na bearta a rinneadh agus aon sonraí tacaíochta a chur in iúl láithreach don Choimisiún agus d'údarás inniúla na mBallstát eile.

Chun críocha na chéad fhomhíre, bainfear úsáid as an gcóras malartaithe faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 12(1) de Threoir 2001/95/CE.

Beidh feidhm ag Airteagal 12(2), (3) agus (4) de Threoir 2001/95/CE.

3. Cinnfidh an Coimisiún, a luaithe is féidir, an bhfuil nó nach bhfuil údar leis na bearta sealadacha dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, rachaidh sé i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara, leis na Ballstáit agus le CEST aon uair is féidir déanamh amhlaidh.

4. I gcás ina bhfuil údar leis na bearta sealadacha, beidh feidhm ag Airteagal 31(1).

5. I gcás nach bhfuil údar leis na bearta sealadacha, cuirfidh an Coimisiún an méid sin in iúl do na Ballstáit agus aisghairfidh an t-údarás inniúil lena mbaineann na bearta sealadacha i dtrácht.

<sup>(1)</sup> IO L 11, 15.1.2002, lch. 4.

<sup>(2)</sup> IO L 218, 13.8.2008, lch. 30.



*Airteagal 28*

**Dea-chleachtais riaracháin**

1. Maidir le haon chinneadh a ghlacfar de bhun Airteagal 25 agus Airteagal 27, luafar ann na forais chruinne ar a bhfuil sé bunaithe. Cuirfidh an t-údarás inniúil an cinneadh sin in iúl don duine atá freagrach gan mhoill agus, an tráth céanna, déanfar na leigheasanna atá ar fáil don duine freagrach faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann agus na teorainneacha ama a bhfuil na leigheasanna sin faoina réir a chur in iúl dó.
2. Ach amháin i gcás ina bhfuil gá le gníomh láithreach mar gheall ar riosca tromchúiseach do shláinte an duine, beidh an deis ag an duine freagrach a dhearcadh a thabhairt le fios sula nglacfar aon chinneadh.
3. Más infheidhme, beidh feidhm ag na forálacha a luaitear i mír 1 agus i mír 2 maidir leis an dáileoír i ndáil le haon chinneadh arna ghlacadh de bhun Airteagal 26 agus Airteagal 27.

CAIBIDIL IX

**COMHAR RIARACHÁIN**

*Airteagal 29*

**Comhar idir na húdaráis inniúla**

1. Oibreoidh údaráis inniúla na mBallstát i gcomhar lena chéile agus i gcomhar leis an gCoimisiún lena áirithiú go ndéanfar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go cuí agus a fhorfheidhmiú go cuí agus déanfaidh siad gach faisnéis is gá d'fhonn an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach a tharchur chuig a chéile.
2. Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le malartú taithí idir na húdaráis inniúla a eagrú chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo a chomhordú.
3. Féadfaidh an comhar a bheith mar chuid de thionscnaimh a fhorbrófar ar an leibhéal idirnáisiúnta.

*Airteagal 30*

**Comhar maidir le comhaid faisnéise táirge a fhíorú**

Féadfaidh údarás inniúil aon Bhallstáit ina gcuirtear an táirge cosmaideach ar fáil ar an margadh a iarraidh ar údarás inniúil an Bhallstáit ina ndéantar an comhad faisnéise táirge a chur ar fáil go héasca fíorú a dhéanamh i dtaobh an sásaíonn an comhad faisnéise táirge na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 11(2) agus an soláthraíonn an fhaisnéis atá leagtha amach ann fianaise ar shábháilteacht an táirge chosmaidigh.

Tabharfaidh an t-údarás inniúil iarrthach foras leis an iarraidh.

De bhun na hiarrata sin, déanfaidh an t-údarás inniúil iarrtha, gan aon mhoill mhíchúí agus leibhéal na práinne á chur san áireamh, an fíorú a chur i gcrích agus cuirfidh sé an t-údarás inniúil iarrthach ar an eolas faoina chinneadh.



## CAIBIDIL X

BEARTA CUR CHUN FEIDHME, FORÁLACHA CRÍOCHNAI-  
THEACHA*Airteagal 31***Na hIarscríbhinní a leasú**

1. I gcás ina bhfuil riosca ionchasach ann do shláinte an duine, ar riosca é a éiríonn as substaintí atá i dtáirgí cosmaideacha a úsáid agus ar riosca é ar gá déileáil leis ar bhonn uile-Chomhphobail, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le CEST, Iarscríbhinn II go hIarscríbhinn VI a leasú dá réir.

Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 32(3).

Ar mhórchúiseanna práinne, féadfaidh an Coimisiún leas a bhaint as an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 32(4).

2. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le CEST, Iarscríbhinn III go hIarscríbhinn VI agus Iarscríbhinn VIII a leasú chun iad a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 32(3).

3. I gcás ina ndealraítear go bhfuil gá leis, chun sábháilteacht táirgí cosmaideacha a chuirtear ar an margadh a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le CEST, Iarscríbhinn I a leasú.

Maidir leis na bearta sin, atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 32(3).

*Airteagal 32***An nós imeachta Coiste**

1. Tabharfaidh an Buanchoiste um Tháirgí Cosmaideacha cúnaimh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Trí mhí a bheidh sa tréimhse a leagtar amach in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1), (2), (4) agus (6), agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.



### *Airteagal 33*

#### **Gluais d'ainmneacha coitianta na gcomhábhar**

Tiomsóidh an Coimisiún, agus nuashonróidh sé, gluais d'ainmneacha coitianta na gcomhábhar. Chun na críche sin, déanfaidh an Coimisiún ainmníochtaí atá aitheanta go hidirnáisiúnta a chur san áireamh, lena n-áirítear Ainmníocht Idirnáisiúnta na gComhábhar Cosmaideach (INCI). Ní hionann an ghluais sin agus liosta de na substaintí atá údaraithe lena n-úsáid i dtáirgí cosmaideacha.

Cuirfear ainm coitianta an chomhábhair i bhfeidhm chun táirgí cosmaideacha a lipéadú a chuirtear ar an margadh dhá mhí dhéag ar a dhéanaí tar éis an ghluais a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

### *Airteagal 34*

#### **Údaráis inniúla, lárionaid rialaithe nimhe nó eintitis asamhlaithe**

1. Is iad na Ballstáit a ainmneoidh a n-údaráis inniúla náisiúnta.
2. Déanfaidh na Ballstáit mionsonraí faoi na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 agus faoi na lárionaid nimhe agus faoi na comhlachtaí comhchosúla dá dtagraítear in Airteagal 13(6) a chur in iúl don Choimisiún. Cuirfidh siad nuashonrú ar na mionsonraí sin in iúl de réir mar is gá.
3. Tiomsóidh an Coimisiún, agus nuashonróidh sé, liosta na n-údarás agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear i mír 2 agus cuirfidh sé an liosta sin ar fáil go poiblí.

### *Airteagal 35*

#### **Tuarascáil bhliantúil maidir le tástáil ar ainmhithe**

Gach bliain, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir leis na nithe seo a leanas:

- 1) an dul chun cinn atá déanta maidir le modhanna malartacha a fhorbairt agus a bhailíochtú agus maidir le glacadh le modhanna malartacha go dlíthiúil. Áireofar sa tuarascáil sonraí beachta maidir le líon agus cineál na dturgnamh a bhaineann le táirgí cosmaideacha agus a dhéantar ar ainmhithe. Beidh oibleagáid ar na Ballstáit an fhaisnéis sin a bhailiú de bhreis ar staidreamh a bhailiú de réir mar atá leagtha síos le Treoir 86/609/CEE. Áiritheoidh an Coimisiún, go háirithe, go ndéanfar modhanna tástála malartacha nach mbaintear úsáid as ainmhithe beo ina leith a fhorbairt agus a bhailíochtú agus go nglacfar le modhanna den sórt sin go dlíthiúil;
- 2) an dul chun cinn atá déanta ag an gCoimisiún maidir lena iarrachtaí chun a chinntiú go nglacfaidh an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) leis na modhanna malartacha arna mbailíochtú ar leibhéal an Chomhphobail agus go dtabharfaidh tríú tíortha aitheantas do thorthaí na dtástálacha sábháilteachta arna ndéanamh sa Chomhphobal agus ina n-úsáidtear mhodhanna malartacha, go háirithe faoi chuimsiú comhaontuithe comhair idir an Chomhphobal agus na tíortha sin;
- 3) an tslí ina ndearnadh sainriachtanais fiontar beag agus meánmhéide a chur san áireamh.



### *Airteagal 36*

#### **Agóid fhoirmiúil i gcoinne caighdeán comhchuibhithe**

1. Nuair a mheasann Ballstát nó an Coimisiún nach sásaíonn caighdeán comhchuibhithe na ceanglais atá leagtha amach i bhforálacha ábhartha an Rialacháin seo go hiomlán, tabharfaidh an Coimisiún nó an Ballstát lena mbaineann an t-ábhar os comhair an Choiste arna chur ar bun le hAirteagal 5 de Theoir 98/34/CE, agus tabharfaidh sé a argóintí ina leith sin. Tabharfaidh an Coiste a thuairim gan mhoill.
  
2. I bhfianaise thuairim an Choiste, cinnfidh an Coimisiún go bhfoilseofar, nach bhfoilseofar, go bhfoilseofar fara srianta, go gcoimeádfar, go gcoimeádfar fara srianta nó go dtarraingeofar siar na tagairtí don chaighdeán comhchuibhithe lena mbaineann in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
  
3. Cuirfidh an Coimisiún a chinneadh in iúl do na Ballstáit agus don chomhlacht Eorpach um chaighdeánú lena mbaineann. Más gá, iarrfaidh sé go ndéanfar na caighdeáin chomhchuibhithe lena mbaineann a athbheithniú.

### *Airteagal 37*

#### **Pionóis**

Déanfaidh na Ballstáit na forálacha a leagan síos maidir le pionóis atá infheidhme i gcás sáraithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus déanfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirtear chun feidhme iad. Maidir leis na pionóis dá bhforáiltear, ní mór iad a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Cuirfidh na Ballstáit na forálacha sin in iúl don Choimisiún faoin 11 Iúil 2013 agus cuirfidh siad aon leasú iardain a dhéanann dífeachas dóibh in iúl dó gan mhoill.

### *Airteagal 38*

#### **Aisghairm**

Aisghairtear Treoir 76/768/CEE le héifeacht ón 11 Iúil 2013, cé is moite d'Airteagal 4b a aisghairtear le héifeacht ón 1 Nollaig 2010.

Tuigfear gurb ionann tagairtí don Treoir aisghairthe agus tagairtí don Rialachán seo.

Beidh an Rialachán seo gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát i ndáil leis na teorainneacha ama chun na Treoracha atá leagtha amach i gCuid B d'Iarscríbhinn IX a thrasú sa dlí náisiúnta.

Mar sin féin, leanfaidh na húdaráis inniúla den fhaisnéis arna fáil de bhun Airteagal 7(3) agus Airteagal 7a(4) de Threoir 76/768/CEE a choimeád ar fáil agus leanfaidh daoine freagracha de rochtain éasca a thabhairt ar an bhfaisnéis arna bailiú de bhun Airteagal 7a den Treoir sin go dtí an 11 Iúil 2020.

**▼B***Airteagal 39***Forálacha idirthréimhseacha**

De mhaolú ar Threoir 76/768/CEE, féadfar táirgí cosmaideacha a chomhlíonann an Rialachán seo a chur ar an margadh roimh 11 Iúil 2013.

Amhail ón 11 Eanáir 2012, de mhaolú ar Threoir 76/768/CEE, maidir le fógra a thugtar i gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo, measfar go gcomhlíonann sé Airteagal 7(3) agus Airteagal 7a(4) den Treoir sin.

*Airteagal 40***Teacht i bhfeidhm agus dáta chur i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an [fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*].

2. Beidh feidhm aige ón 11 Iúil 2013, cé is moite de na hAirteagail seo a leanas:

— Airteagal 15(1) agus (2) ag a mbeidh feidhm ón 1 Nollaig 2010, chomh maith le hAirteagal 14, le hAirteagal 31 agus le hAirteagal 32 a mhéid a bhfuil gá leo chun Airteagal 15(1) agus (2) a chur i bhfeidhm; agus

— Airteagal 16(3), an dara fómhír, ag a mbeidh feidhm ón 11 Eanáir 2013.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

*IARSCRÍBHINN I***TUARASCÁIL AR SHÁBHÁILTEACHT TÁIRGE CHOSMAIDIGH**

Beidh na nithe seo a leanas, ar a laghad, san áireamh sa tuarascáil ar shábháilteacht an táirge chosmaidigh:

CUID A – Faisnéis ar shábháilteacht an táirge chosmaidigh

**1. Comhshuíomh cainníochtúil agus comhshuíomh cáilíochtúil an táirge chosmaidigh**

Comhshuíomh cáilíochtúil agus comhshuíomh cainníochtúil an táirge chosmaidigh, lena n-áirítear céannacht cheimiceach na substaintí (lena n-áirítear ainm ceimiceach, INCI, CAS, EINECS/ELINCS, más féidir) agus na feidhmeanna atá beartaithe dóibh. I gcás cumhráin agus comhshuíomh aramatach, tuairisc ar an ainm agus códuimhir an chomhshuímh agus céannacht an tsoláthróra.

**2. Saintréithe fisiceacha/ceimiceacha agus cobhsaíocht an táirge chosmaidigh**

Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha na substaintí nó na meascán, agus an táirge chosmaidigh freisin.

Cobhsaíocht an táirge chosmaidigh faoi dhálaí atá measartha intuartha.

**3. Cáilíocht mhicribhitheolaíoch**

Sonraíochtaí micribhitheolaíocha na substainte nó an mheascáin agus an táirge chosmaidigh. Déanfar aird ar leith a thabhairt ar chosmaidí a úsáidtear timpeall na súl, ar na seicní mucasacha i gcoitinne, ar chraiceann damáistithe, ar leanaí faoi bhun trí bliana d'aois, ar dhaoine scothaosta agus ar dhaoine a léiríonn airíonna lagaithe imdhíonachta.

Torthaí na tástála dúshláin maidir le caomhnú.

**4. Eisíontais, rianta, faisnéis faoin ábhar pacáistíochta**

Íonacht na substaintí agus na meascán.

I gcás rianta de shubstaintí toirmisce, fianaise ar an bhfáth nach féidir iad a sheachaint ar bhonn teicniúil.

Saintréithe ábhartha an ábhair pacáistíochta, go háirithe íonacht agus cobhsaíocht.

**5. Gnáthúsáid agus úsáid atá measartha intuartha**

Gnáthúsáid an táirge agus úsáid an táirge atá measartha intuartha. Tabharfar údar leis an réasúnú, go háirithe i bhfianaise rabhadh agus míniúchán eile sa lipéadú ar an táirge.

**6. Teacht faoi lé an táirge chosmaidigh**

Sonraí maidir le teacht faoi lé an táirge chosmaidigh agus aird á tabhairt ar na cinntí faoi Roinn 5 maidir leis na nithe seo a leanas:

- 1) An áit/na háiteanna ina n-úsáidtear é;
- 2) An limistéardromchla/na limistéir dhromchla ar a n-úsáidtear é;
- 3) An méid den táirge a úsáidtear;
- 4) Fad agus minicíocht úsáide;

**▼B**

- 5) An gnáthbhealach/na gnáthbhealaí, agus an bealach/na bealaí atá measartha intuartha, i dtaca le teacht faoi lé substainte;
- 6) An spriocdhaonra/na spriocdhaonraí (nó an daonra/na daonraí a thagann faoi lé substainte). Cuirfear san áireamh freisin an méid ionchasach a bheidh daonra sonracha faoi lé substainte.

Maidir leis an méid a bheifear faoi lé substainte a ríomh, cuirfear san áireamh freisin na hiarmhairtí tocsaineolaíoch a bheidh le breithniú (e.g. d'fhéadfadh sé gur gá an méid a bheifear faoi lé substainte a ríomh in aghaidh gach aonaid den achar craicinn nó in aghaidh gach aonaid de mheáchan coirp). Ba cheart an fhéidearthacht go dtiocfar faoi lé substainte ar shlí thánaisteach trí bhealaí seachas mar thoradh ar úsáid dhíreach a bhreithniú freisin (e.g. ionanálú neamhbheartaithe spraeanna, ionghabháil neamhbheartaithe táirgí liopaí, etc.).

Tabharfar aird ar leith ar aon tionchair a d'fhéadfadh bheith ann maidir le teacht faoi lé substainte mar gheall ar mhéideanna cáithníní.

**7. Teacht faoi lé na substaintí**

Sonraí maidir le teacht faoi lé na substaintí atá sa táirge cosmaideach le haghaidh na gcricphointí tocsaineolaíoch a ábhartha agus an fhaisnéis faoi Roinn 6 á cur san áireamh.

**8. Próifil thocsaineolaíoch na substaintí**

Gan dochar d'Airteagal 18, próifil thocsaineolaíoch substaintí sa táirge cosmaideach le haghaidh na gcricphointí tocsaineolaíoch a ábhartha go léir. Beidh fócas ar leith ar mheastóireacht tocsaineachta logánta (greannú craicinn agus súl), ar íogru craicinn agus, i dtaca le hionsú ultraivialait, ar thocsaineacht fhóta-ionduchtaithe.

Déanfar gach bealach suntasach tocsaineolaíoch ina dtarlaíonn ionsú, chomh maith leis na hiarmhairtí córasacha, a bhreithniú agus ríomhfar lamháil sábháilteachta (MoS) atá bunaithe ar leibhéal gan iarmhairtí dhochracha bhraite (NOAEL). Tabharfar míniú cuí i gcás aon cheann de na nithe sin a bheith ar iarraidh.

Breithneofar go háirithe ar aon tionchair fhéideartha ar an bpróifil thocsaineolaíoch mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- méideanna cáithníní, lena n-áirítear nanábhair,
- eisintais sna substaintí agus san amhábhair a úsáidtear, agus
- idirghníomhú idir na substaintí.

Beidh aon úsáid a bhaintear as cur chuige na gcrostagairtí ('read-across') cuí-réasúnaithe agus beidh údar cuí leis.

Déanfar foinse na faisnéise a shainiú go soiléir.

**9. Iarmhairtí neamh-inmhianaithe agus iarmhairtí tromchúiseacha neamh-inmhianaithe**

Na sonraí go léir atá ar fáil faoi na hiarmhairtí neamh-inmhianaithe agus faoi na hiarmhairtí tromchúiseacha neamh-inmhianaithe don táirge cosmaideach nó, i gcás inarb iomchuí, do tháirgí cosmaideacha eile. Tá sonraí staidrimh san áireamh sa mhéid sin.

**10. Faisnéis faoin táirge cosmaideach**

Faisnéis ábhartha eile, e.g. na staidéir atá ann cheana ó dhaoine deonacha nó torthaí cuí-dhaingnithe agus cuí-réasúnaithe ó mheasúnuithe riosca ama ndéanamh i réimsí ábhartha eile.



**▼B**

CUID B – Measúnú ar shábháilteacht táirge chosmaidigh

**1. Conclúid an mheasúnaithe**

Ráiteas faoi shábháilteacht an táirge chosmaidigh maidir le hAirteagal 3.

**2. Rabhaidh lipéadaithe agus treoracha úsáide**

Ráiteas faoin ngá le rabhaidh áirithe agus treoracha úsáide a lipéadú i gcomhréir le hAirteagal 19(1)(d).

**3. Réasúnaíocht**

Míniú ar an réasúnaíocht eolaíoch as ar lean conclúid an mheasúnaithe atá leagtha amach faoi Roinn 1 agus an ráiteas atá leagtha amach faoi Roinn 2. Beidh an míniú sin bunaithe ar na tuairiscí atá leagtha amach faoi Chuid A. Más ábhartha, déanfar lamhálacha sábháilteachta a mheasúnú agus a phlé.

*Inter alia*, beidh measúnú sonrath ann le haghaidh táirgí cosmaideacha atá beartaithe lena n-úsáid ar leanaí faoi bhun trí bliana d'aois agus le haghaidh táirgí cosmaideacha atá beartaithe lena n-úsáid go heisiach i gcomhair sláinteachais phearsanta sheachtraigh.

Déanfar measúnú ar an idirghníomhú féideartha idir na substaintí atá sa táirge cosmaideach.

Beidh údar cuí le breithniú agus le neamhbhreithniú na bpróifílí éagsúla tocsaineolaíochta.

Déanfar tionchair na cobhsaíochta ar shábháilteacht an táirge chosmaidigh a bhreithniú go cuí.

**4. Dintíúir an mheasúnóra agus cuid B a fhortheas**

Ainm agus seoladh an mheasúnóra sábháilteachta.

Cruthúnas ar cháilíocht an mheasúnóra sábháilteachta.

Dáta agus síniú an mheasúnóra sábháilteachta.

## ▼B

*Brollach a ghabhann le hIarscríbhinn II go hIarscríbhinn VI*

- (1) Chun críocha Iarscríbhinn II go hIarscríbhinn VI:
- (a) Ciallaíonn ‘táirge sruthlaithe’ táirge cosmaideach a mbeartaítear ina leith go mbainfear é tar éis é a úsáid ar an gcráiceann, ar an ngruaig nó ar na seicní múcasacha;
  - (b) Ciallaíonn ‘táirge neamhsruthlaithe’ táirge cosmaideach a mbeartaítear ina leith go bhfanfaidh sé i dteagmháil fhadtréimhseach leis an gcráiceann, leis an ngruaig nó leis na seicní múcasacha;
  - (c) Ciallaíonn ‘táirge don ghruaig’ táirge cosmaideach a mbeartaítear ina leith go n-úsáidfear é ar ghruaig an chinn nó na haghaidhe, seachas na fabhraí;
  - (d) Ciallaíonn ‘táirge don chraiceann’ táirge cosmaideach a mbeartaítear ina leith go n-úsáidfear ar an gcráiceann é;
  - (e) Ciallaíonn ‘táirge do na liopaí’ táirge cosmaideach a mbeartaítear ina leith go n-úsáidfear ar na liopaí é;
  - (f) Ciallaíonn ‘táirge don aghaidh’ táirge cosmaideach a mbeartaítear ina leith go n-úsáidfear ar chraiceann na haghaidhe é;
  - (g) Ciallaíonn ‘táirge do na hingne’ táirge cosmaideach a mbeartaítear ina leith go n-úsáidfear ar na hingne é;
  - (h) Ciallaíonn ‘táirge don bhéal’ táirge cosmaideach a mbeartaítear ina leith go n-úsáidfear ar na fiacla nó ar sheicní múcasacha an bhéalchuais é;
  - (i) Ciallaíonn ‘táirge a úsáidtear ar na seicní múcasacha’ táirge cosmaideach a mbeartaítear ina leith go n-úsáidfear é:
    - ar na seicní múcasacha an bhéalchuais,
    - ar na seicní múcasacha ar imeall na súl,
    - nó ar na seicní múcasacha na mball seachtrach giniúna;
  - (j) Ciallaíonn ‘táirge do na súile’ táirge cosmaideach a mbeartaítear ina leith go n-úsáidfear timpeall na súl é;
  - (k) Ciallaíonn ‘úsáid ghairmiúil’ úsáid táirgí cosmaideacha ag daoine agus iad i mbun a ngníomhaíochta gairmiúla.
- (2) Chun sainathint substaintí a éascú, baintear úsáid as na tuairisceoirí seo a leanas:
- Na hAinmneacha Neamhdhílseánacha (INN) i gcomhair earraí cógaisíochta, An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO), An Ghinéiv, Lúnasa 1975;
  - Uimhreacha CAS (*Chemical Abstracts Service*);
  - An uimhir CE a chomhfhreagraíonn d'uimhreacha an Fhardail Eorpaigh um Shubstaintí Ceimiceacha Tráchtála Reatha (EINECS) nó d'uimhreacha an Liosta Eorpaigh um Shubstaintí Ceimiceacha Fógartha (ELINCS) nó don uimhir chlárúcháin arna tabhairt faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006;
  - An XAN arb é an t-ainm é atá formheasta ag tír shonrach (X), e.g. USAN a chomhfhreagraíonn d'ainm formheasta na Stát Aontaithe;
  - An t-ainm i ngluais ainmneacha coitianta na gcomhábhar dá dtagraítear in Airteagal 33 den Rialachán seo.
- (3) Maidir leis na substaintí atá liostaithe in Iarscríbhinn III go hIarscríbhinn VII, ní chumhdaíonn siad nanábhair, ach amháin i gcás ina bhfuil siad luaite go sonrach.



## IARSCRÍBHINN II

## LIOSTA NA SUBSTAINTÍ ATÁ COISCTHE I dTÁIRGÍ COSMAIDEACHA

Uimhir thagartha	Sainithint substaintí		
	Ainm ceimiceáin/INN	Uimhir CAS	Uimhir CE
a	b	c	d
1	N-5-Clóraibeansocsasól-2-iolaicéataimíd	35783-57-4	
2	Hiodrocsaíd (2-aicéatocsa-eitil)trímheitiolamóiniam agus a shalainn	51-84-3	200-128-9
3	Aicéaglúmáit dé-ánóil (INN)	3342-61-8	222-085-5
4	Spireanólachtón (INN)	52-01-7	200-133-6
5	Aigéad [4-(4-hiodrocsai-3-iadóifeanocsa)-3,5-dí-iadóifeinil]aicéiteach (Tioraitriceol (INN)) agus a shalainn	51-24-1	200-086-1
6	Meititreacsáit (INN)	59-05-2	200-413-8
7	Aigéad aimíneacapróch (INN) agus a shalainn	60-32-2	200-469-3
8	cincifein (INN), a shalainn, díorthaigh agus shalainn na ndíorthach seo	132-60-5	205-067-1
9	Aigéad tioraprópach (INN) agus a shalainn	51-26-3	
10	Aigéad trichlóraicéiteach	76-03-9	200-927-2
11	<i>Aconitum napellus</i> L. (duillí, fréamhach agus ullmhóidí)	84603-50-9	283-252-6
12	Acaínítín (an príomh-alcalóideach in <i>Aconitum napellus</i> L.) agus a shalainn	302-27-2	206-121-7
13	<i>Adonis vernalis</i> L. agus a ullmhóidí	84649-73-0	283-458-6
14	Eipineifrín (INN)	51-43-4	200-098-7
15	Alcalóidigh <i>Rauwolfia serpentina</i> L., agus a shalainn	90106-13-1	290-234-1
16	Alcóil ailcín, a n-eistir, a n-éitir agus a shalainn		
17	Isipréanailín (INN)	7683-59-2	231-687-7
18	Isitiaicianáit aillile	57-06-7	200-309-2
19	Allaclaimíd (INN) agus a shalainn	5486-77-1	
20	Naloirfín (INN), a shalainn agus a chuid éitir	62-67-9	200-546-1
21	Aimíní simpiticimíméiteacha ag gníomhú ar lárchóras na néaróg: substaint ar bith sa chéad liosta íoc leighis atá faoi réir oidis leighis agus dá ndéantar tagairt i rún AP (69) 2 ó Chomhairle na hEorpa	300-62-9	206-096-2

## ▼B

Uimhir thagartha	Sainithint substaintí		
	Ainm ceimiceáin/INN	Uimhir CAS	Uimhir CE
a	b	c	d
22	Anailín, a shalainn agus a dhíorthaigh halaiginithe agus sulfónáitithe	62-53-3	200-539-3
23	Beatocsaicín (INN) agus a shalainn	3818-62-0	
24	Socsaólaimín (INN)	61-80-3	200-519-4
25	Próiciónamíd (INN), a shalainn agus a dhíorthaigh	51-06-9	200-078-8
26	Beinsidín	92-87-5	202-199-1
27	Tuaimíneheaptán (INN), a isiméirí agus a shalainn	123-82-0	204-655-5
28	Ochtaidrín (INN) agus a shalainn	543-82-8	208-851-1
29	2-Aimín-1,2-bis(4-meatocsaifeinil)eatánól agus a shalainn	530-34-7	
30	1,3-Démheilpeintiolaímín agus a shalainn	105-41-9	203-296-1
31	Aigéad 4-aimíneasalaicileach agus a shalainn	65-49-6	200-613-5
32	Tolúidíní, a n — isiméirí, salainn agus díorthaigh halaiginithe agus sulfónáitithe	26915-12-8	248-105-2
33	Xilidíní, a n — isiméirí, salainn agus díorthaigh halaiginithe agus sulfónáitithe	1300-73-8	215-091-4
34	Impireatóirín (9-(3-meitiolbúit-2-éinioloca)fúra[3,2-g]cróman-7-ón)	482-44-0	207-581-1
35	<i>Ammi majus</i> L. agus a ullmhoidí	90320-46-0	291-072-4
36	2,3-Déchlóra-2-meitiolbútán	507-45-9	
37	Sabstaintí ag a bhfuil éifeacht andraigineach		
38	Ola antraicéine	120-12-7	204-371-1
39	Antaibheathaigh		
40	Antamón agus a chomhdhúile	7440-36-0	231-146-5
41	<i>Apocynum cannabinum</i> L. agus a ullmhoidí	84603-51-0	283-253-1
42	Apamoirfín (R 5,6,6a, 7-teitrihidri-6-meitil-4H-débeansó [dí,g]cuineoilín-10,11-dé-ól) agus a shalainn	58-00-4	200-360-0
43	Arsanaic agus a comhdhúile	7440-38-2	231-148-6
44	<i>Atropa belladonna</i> L. agus a ullmhoidí	8007-93-0	232-365-9
45	Atraipín, a shalainn agus a dhíorthaigh	51-55-8	200-104-8
46	Salainn bhairiam, seachas suilfid bhairiam faoi na coinníollacha arna leagadh síos in Iarscríbhinn III, agus léiceanna, salainn agus líocha bairiam arna n-ullmhú as na hoibreáin dathúcháin arna liostú in Iarscríbhinn IV		
47	Beinséin	71-43-2	200-753-7

## ▼B

Uimhir thagartha	Sainithint substaintí		
	Ainm ceimiceáin/INN	Uimhir CAS	Uimhir CE
a	b	c	d
48	Beinsimíodasól-2(3H)-ón	615-16-7	210-412-4
49	Beansasaipíní agus beinsidé-asaipíní	12794-10-4	
50	Beansóáit 1-démheitolaimínmeitil-1-meitíolpróipile (aimileacaon) agus a salainn	644-26-8	211-411-1
51	Beansóáit 2,2,6-trímheitil-4-pípidile () agus a salainn	500-34-5	
52	Iseacarbocsaicíd (INN)	59-63-2	200-438-4
53	Beindreaflumaitiaicíd (INN) agus a dhíorthaigh	73-48-3	200-800-1
54	Beirilliam agus a comhdhúile	7440-41-7	231-150-7
55	Bróimín, eiliminteach	7726-95-6	231-778-1
56	Toisealáit bhretiliam (INN)	61-75-6	200-516-8
57	Carbrómál (INN)	77-65-6	201-046-6
58	Bróimiseabhal (INN)	496-67-3	207-825-7
59	Bróimfeinireamín (INN) agus a shalainn	86-22-6	201-657-8
60	Bróimíd bheinsiolóiniam (INN)	1050-48-2	213-885-5
61	Bróimíd teitrealamóiniam (INN)	71-91-0	200-769-4
62	Brúisín	357-57-3	206-614-7
63	Teitreacaon (INN) agus a shalainn	94-24-6	202-316-6
64	Moifeabútasón (INN)	2210-63-1	218-641-1
65	Tolbútaimíd (INN)	64-77-7	200-594-3
66	Carbútaimíd (INN)	339-43-5	206-424-4
67	Feiniollbútasón (INN)	50-33-9	200-029-0
68	Caidmiam agus a comhdhúile	7440-43-9	231-152-8
69	Cantairídí, <i>Cantharis vesicatoria</i>	92457-17-5	296-298-7
70	Cantairídín	56-25-7	200-263-3
71	Feanpróbamáit (INN)	673-31-4	211-606-1
72	Nítridhíorthaigh charbasóil		
73	Déshuilfid charbóin	75-15-0	200-843-6
74	Cataláis	9001-05-2	232-577-1
75	Ceafaílín agus a shalainn	483-17-0	207-591-6
76	<i>Chenopodium ambrosioides</i> L. (bláthola)	8006-99-3	

## ▼B

Uimhir thagartha	Sainithint substaintí		
	Ainm ceimiceáin/INN	Uimhir CAS	Uimhir CE
a	b	c	d
77	2,2,2-Trichlóireatán-1,1-dé-ól	302-17-0	206-117-5
78	Clóirín	7782-50-5	231-959-5
79	Clórórpaimíd (INN)	94-20-2	202-314-5
80	Bogtha nó scriosta		
81	Hidreaclóiríd chiotráite 4-feiniolasóifeiniléin-1,3-dé-aimín (hidreaclóiríd chiotráite criosaidín)	5909-04-6	
82	Clórsocsasón (INN)	95-25-0	202-403-9
83	2-Clóirai-6-meitilpirimidín-4-ildémheitiolaimín (crimidín-ISO)	535-89-7	208-622-6
84	Clórpróiticséin (INN) agus a shalainn	113-59-7	204-032-8
85	Clóifeanaimíd (INN)	671-95-4	211-588-5
86	N-ocsaíd N,N-bios(2-clóireitil)meitiolaimín agus a salainn	126-85-2	
87	Clóirmeitín (INN) agus a shalainn	51-75-2	200-120-5
88	Cioglafosfaimíd (INN) agus a salainn	50-18-0	200-015-4
89	Mannomuitsín (INN) agus a shalainn	576-68-1	209-404-3
90	Bútainileacaon (INN) agus a shalainn	3785-21-5	
91	Clóirmeasánón (INN)	80-77-3	201-307-4
92	Tríphearánól (INN)	78-41-1	201-115-0
93	2-[2(4-Cloraifeinil)-2-feiniolaicéitil]iondán-1,3-dé-ón (clórafaicineon-ISO)	3691-35-8	223-003-0
94	Clóirfeanocsaimín (INN)	77-38-3	
95	Feinigliceadól (INN)	79-93-6	201-235-3
96	Clóireatán	75-00-3	200-830-5
97	Cróimiam; aigéad crómach agus a salainn	7440-47-3	231-157-5
98	<i>Claviceps purpurea</i> Tul., a alcalóidigh agus a ullmhóidí	84775-56-4	283-885-8
99	<i>Conium maculatum</i> L. (torthaí, púdar, ullmhóidí)	85116-75-2	285-527-6
100	Gliciglaímíd (INN)	664-95-9	211-557-6
101	Beinséinsulfónáit chóbailt	23384-69-2	
102	Coilcicín, a shalainn agus a dhíorthaigh	64-86-8	200-598-5
103	Coilceacóisíd agus a díorthaigh	477-29-2	207-513-0

## ▼B

Uimhir thagartha	Sainithint substaintí		
	Ainm ceimiceáin/INN	Uimhir CAS	Uimhir CE
a	b	c	d
104	<i>Colchicum autumnale</i> L. agus a ullmhóidí	84696-03-7	283-623-2
105	Convallatocsain	508-75-8	208-086-3
106	<i>Anamirta cocculus</i> L. (torthai)		
107	<i>Croton tiglium</i> L. (ola)	8001-28-3	
